Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2020
(OR. en)

8595/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0102 (COD)**

**SAN 184**
**PHARM 17**
**MI 157**
**CADREFIN 114**
**IA 32**
**CODEC 464**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Bealtaine 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 405 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár a bhunú do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte don tréimhse 2021-2027 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 ("Clár EU4Health") |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 405 final.

Faoi iamh: COM(2020) 405 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.5.2020
COM(2020) 405 final

2020/0102 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Clár a bhunú do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte don tréimhse 2021-2027 agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 ("Clár EU4Health")**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Foráiltear leis togra seo gurb é an 1 Eanáir 2021 an dáta chur i bhfeidhm agus tá sé á thíolacadh d'Aontas ina mbeidh 27 mBallstát.

- **Forais agus cuspóirí**

"Níl rud ar bith ann nach ndéanfaimid chun beatha daoine a shábháil," a dúirt an tUachtarán von der Leyen, agus í ag labhairt le Parlaimint na hEorpa an 26 Márta 2020, is í géarchéim COVID-19 an dúshlán is mó a bhí roimh an Aontas Eorpaigh (AE) ó bhí an Dara Cogadh Domhanda ann, agus léirigh sé nach mbeidh an tAontas ach chomh láidir lena nasc is laige má dhéanann gach tír iarracht dul i ngleic le paindéimí ina n-aonar. Bhí deacrachtaí ag gach córas sláinte dul i ngleic leis an ngéarchéim, agus bhí tionchar aige sin ar gach saoránach ar dhóigh nó ar dhóigh eile.

Tá gá le tosaíocht níos airde a thabhairt don tsláinte san Eoraip, ionas go mbeidh na córais sláinte réidh le cúram úrscothach a thabhairt, agus chun ullmhú le dul i ngleic le heipidéimí agus bagairtí sláinte nárbh fhéidir a thuar i gcomhréir leis na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (IHR)[1]. Cé go bhfuil an creat foriomlán le haghaidh ullmhachta, luathrabhadh agus freagartha i bhfeidhm cheana faoi Chinneadh 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, léirigh COVID-19 an gá le borradh suntasach a chur faoi chumas an Aontais freagairt go héifeachtach do mhórbhagairtí sláinte den chineál sin. Beidh Clár neamhspleách uaillmhianach, a bhfuil Clár EU4Health le tabhairt air, ina phríomhionstraim leis sin a thabhairt i gcrích.

Beidh an Clár nua fíor-riachtanach chun a áirithiú go bhfanfaidh an tAontas de bheith ar an réigiún is sláintiúla ar domhan, ag a bhfuil na huirlisí uile a bhfuil gá leo chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sláinte ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus go bhfuil sé ullamh d'aon bhagairt sláinte nua a thiocfaidh chun cinn agus a d'fhéadfaí daonra an Aontais a chur i mbaol mar gheall uirthi.

Agus é neadaithe sa chur chuige "Aon tSláinte Amháin", lena n-aithnítear an t-idirnasc idir sláinte an duine agus sláinte ainmhithe agus i gcoitinne leis an gcomhshaol, leis an gClár EU4Health, is féidir tacú leis na Ballstáit san aistriú chuig ullmhacht níos fearr agus atreisiú córas sláinte agus is féidir tacú leo chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDG) a bhaineann leis an tsláinte a bhaint amach. Foráiltear leis maidir le gníomhaíochtaí nua, lena líonfar isteach bearnaí a léiríodh de thoradh na paindéime seo i dtéarmaí forbairt agus monarú táirgí íocshláinte, soláthar leordhóthanach trealaimh d'ospidéil agus acmhainní daonna leighis leordhóthanacha, glacadh uirlisí digiteacha agus seirbhísí lena dtugtar an deis leanúint de chúram, agus an ghá le rochtain ar earraí agus seirbhísí fíor-riachtanacha a choimeád le linn géarchéimeanna. Leis sin, cuirfear de chumas don Aontas níos mó uirlisí a bheith aige chun gníomhaíocht chomhordaithe thapa chinntitheach a dhéanamh leis na Ballstáit chun ullmhú le haghaidh géarchéimeanna agus chun iad a bhainistiú.

[1] Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005), an Eagraíocht Sláinte Domhanda.

Sa bhreis ar an leibhéal ullmhachta agus freagartha a bhfuil gá leis, tá roinnt dúshláin bhreise i réimsí na slándála sláinte agus na gcóras sláinte a bhfuil bac á chur ar a bhfeidhmiú foriomlán mar gheall orthu, a fhágann go bhfuil freagairt foriomlán leordhóthanach ar ghéarchéimeanna níos dúshlánaí, go háirithe:

- neamhionannas i stádas sláinte idir grúpaí daonra, tíortha agus réigiúin, agus rochtain ar chúram sláinte ar phraghas réasúnta agus cúram sláinte inacmhainne de dhea-cháilíocht;
- an t-ualach ó ghalair neamhtheagmhálacha, lena n-áirítear ailse, meabhairshláinte, galair neamhchoitianta agus rioscaí ó thosca sláinte;
- dáileadh neamhchothrom cumais córas sláinte, lena n-áirítear oibrithe cúraim sláinte;
- bacainní ar ghlacadh forleathan agus an úsáid is fearr nuálaíochtaí digiteacha chomh maith lena n-uas-scálú;
- an t-ualach sláinte atá ag méadú mar gheall ar dhíghrádú comhshaoil agus truailliú, go háirithe cáilíocht an aeir, an uisce agus na hithreach agus freisin mar gheall ar athruithe déimeagrafacha.

Le Clár EU4Health leagfar amach na príomhréimsí gníomhaíochta amhail feabhsú córas sláinte náisiúnta, bearta in aghaidh galair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha, fáil ar chógais agus inacmhainneacht cógas agus táirgí eile atá ábhartha i gcás géarchéime. Mar go mbaineann go leor de na moltaí nua agus nuálacha go dlúth le feidhmiú na gcóras sláinte, oibreoidh an Coimisiún go dlúth leis na Ballstáit chun a áirithiú go mbeidh an tacaíocht a chuirfear ar fáil tríd an gClár EU4Health bunaithe ar riachtanais náisiúnta. Oibreoidh an Coimisiún le tríú tíortha agus le páirtithe idirnáisiúnta chun gníomhaíochtaí Chlár EU4Health a chur chun feidhme.

Ní mór an Clár a bheith dinimiciúil agus solúbtha chun dul in oiriúint do na dúshláin nua atá ag teacht chun cinn, agus chun freastal ar an Aontas agus ar na Ballstáit agus a riachtanais agus tosaíochtaí atá ag athrú. Ní mór aghaidh a thabhairt leis ar neamhionannas leis trí thagarmharcáil, trí thacaíocht a chur ar fáil agus trí bhearnaí a sainaithníodh idir tíortha, réigiúin, grúpaí daonra agus saoránaigh a dhúnadh. Ba cheart bearnaí ionchais saoil a laghdú leis chomh maith le rochtain ar chúram agus seirbhísí. Cuirfear uirlisí ar fáil leis le haghaidh dlúthpháirtíocht fheabhsaithe i dtaca le hullmhacht le haghaidh géarchéimeanna agus freagairt ar ghéarchéimeanna, agus mar aon leis sin chun teacht ar comhthuiscint le feabhsú a dhéanamh ar ghalair neamhtheagmhálacha a chosc agus le haghaidh a thabhairt orthu, go háirithe ailse, agus chun comhordú níos fearr a dhéanamh idir beartais dhifriúla, uirlisí agus ionstraimí airgeadais. Ar deireadh, rannchuideofar leis le dul i ngleic le tionchar diúltach an athraithe aeráide agus díghrádaithe comhshaoil ar shláinte an duine.

Le cistiú don tsláinte faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), áirítear roinnt ionstraimí amhail Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, agus Fís Eorpach, an Clár don Eoraip Dhigiteach, agus Saoráid um Chónascadh na hEorpa 2. Príomhghnéithe chun cistí sláinte a threorú sna beartais agus chun tacú le gnóthú a gcuspóirí ar bhealach níos éifeachtaí ná roimhe is iad a bheith ag obair le cláir éagsúla, agus cuspóirí comhroinnte a bheith ann idir beartais.

Le hAirteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) tugtar an bunús dlí le gníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte. Cé gurb iad na Ballstáit atá freagrach as feidhmiú a gcóras sláinte, tá réimsí áirithe ann inar féidir leis an Aontas reachtú, agus réimsí eile inar féidir leis an gCoimisiún tacú le hiarrachtaí na mBallstát. Tá creat rialála cuimsitheach ann cheana le haghaidh táirgí agus teicneolaíochtaí leighis (táirgí íocshláinte, feistí leighis agus substaintí de bhunús daonna), agus le haghaidh na reachtaíochta maidir le tobac, cearta othar i gcúram sláinte trasteorann, agus bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte.

Le Clár EU4Health, tacófar le gníomhaíochtaí chun a chur ar chumas an Choimisiúin an creat rialála riachtanach a chomhlánú agus rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar riachtanais struchtúracha suntasacha arna sainaithint le linn ghéarchéim COVID-19.

Tá ról lárnach ag gníomhaíochtaí an Aontais, Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair maidir le cosaint na hEorpa in aghaidh bagairtí tromchúiseacha sláinte trasteorann agus paindéimí, ó thaobh iad a chosc agus bainistiú géarchéime.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana**

  Le Clár EU4Health tacaítear le beartais agus tosaíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu an tsláinte a chur chun cinn. Leis an gClár, tacófar le cur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[2], leis an Seimeastar Eorpach maidir le réimse na sláinte chun a áirithiú go mbainfidh an tAontas agus na Ballstát spriocanna an tríú SDG amach, chun “Beatha shláintiúil a áirithiú agus folláine a chur chun cinn do chách ag gach aois” agus SDGanna eile a bhaineann leis an tsláinte. I réimsí na hinniúlachta náisiúnta, ní mór don Choimisiún agus do na Ballstáit oibriú i gcomhar níos dlúithe, níos luaithe agus níos cuimsithí chun tosaíochtaí an Chlár seo, EU4Health, a leagan síos, ag sainiú na mbealaí is fearr chun ionstraimí a úsáid i gcur chun feidhme an Chláir ina dhiaidh sin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

  Cé go bhfuil Clár EU4Health i bhfad níos mó ná an clár a bhí ann roimhe, níl ann ach aon trian d'infheistíochtaí sláinte an chéad CAI eile. I mórán cásanna, is gá caiteachas ar shláinte faoi chláir éagsúla agus cistí a chur chun feidhme ar bhealach atá comhordaithe go dlúth chun a bheith iomlán éifeachtach agus chun dúbailt saothair a sheachaint. Tá an Coimisiún tiomanta sineirgí oibríochtúla le cláir eile de chuid an Aontais a áirithiú, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais bheartais agus chun gur féidir cuspóirí comhchoiteanna agus réimsí coiteanna le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaint amach. Agus iad ag tógáil ar an bprionsabal “cúrsaí sláinte a chuimsiú i ngach réimse beartais”, leis na cláir sin[3] cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil

[2] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM:2017:251:FIN

[3] an clár Fís Eorpach; an comhbheartas talmhaíochta; Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa; Ciste Sóisialta na hEorpa Plus; Clár an Mhargaidh Aonair; an Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide; Saoráid um Chónascadh na hEorpa; an Clár don Eoraip Dhigiteach; Clár Erasmus; Ciste InvestEU; agus ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais (an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta agus an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais).

d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a mbeidh tionchar fadtéarmach acu ar an acmhainneacht fáis agus ar athléimneacht gheilleagar na mBallstát. Leis na cláir sin freisin, tabharfar aghaidh ar dhúshláin arna sainaithint sa Seimeastar Eorpach agus rannchuideofar le cuspóirí Chlár EU4Health. Le Clár EU4Health, rannchuideofar le tosaíochtaí an Choimisiúin, lena n-áirítear na dúshláin a fhreagairt a bhaineann leis an imirce agus leis an gComhaontú Glas.

I gcomhlántacht agus i sineirgíocht le Clár EU4Health, féadfar tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí beartais sláinte le cláir eile, lena n-áirítear cur chun feidhme réiteach a bheidh curtha in oiriúint do chomhthéacsanna náisiúnta sonracha/comhthéacsanna/riachtanais shonracha réigiúnacha, chomh maith le tionscnaimh dhéthaobhacha agus idir-réigiúnacha. Go háirithe:

- Trí bhíthin acmhainneachtaí feabhsaithe Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM/rescEU), beidh an tAontas agus na Ballstáit in ann géarchéim a fhreagairt go tapa agus ar bhealach solúbtha amach anseo agus beidh siad níos ullmhaithe lena aghaidh sin. Le UCPM uasghrádaithe agus go háirithe a n-acmhainneachtaí éigeandála rescEU, tabharfar don Aontas ullmhacht fheabhsaithe agus bonneagar lóistíochta inniúil lenar féidir freastal ar chineálacha éagsúla géarchéimeanna, lena n-áirítear iadsan a bhfuil gné éigeandála leighis ag baint leo. Le UCPM, díreofar ar acmhainneachtaí freagartha dírí ar ghéarchéimeanna nach mór a bheith réidh láithreach agus ar fáil i gcás éigeandála, áiritheofar le Clár EU4Health cúltaiscí ar mórscála, lena n-áirítear cúltaisce foirne agus saineolaithe leighis atá réidh, agus athléimneacht fholuiteach na gcóras cúraim sláinte agus struchtúr riachtanach. Beidh na acmhainní sin ríthábhachtach le haghaidh freagairt chomhordaithe ar ghéarchéimeanna ar leibhéal an Aontais
- Le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), tacófar le hacmhainneacht córais cúraim sláinte sna réigiúin i dtéarmaí bonneagar, nuachóiriú na n-earnálacha cúraim sláinte phoiblí agus phríobháidigh, agus gréasáin um chomhar (idir)réigiúnach. Le CFRE, cuirtear infheistíochtaí ar fáil freisin i dtaighde agus nuálaíocht, i nglacadh ardteicneolaíochtaí agus réiteach nuálach, agus sa digitiú, lena n-áirítear i réimse na sláinte. Fairis sin, tacaítear leis le forbairt acmhainní, cúnamh teicniúil agus comhar trasteorann.
- Le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), cruthófar sineirgí agus comhlántacht le Clár EU4Health trí thacú le forbairt scileanna foirne i réimse na sláinte agus le rochtain níos fearr ar chúram sláinte le haghaidh daoine i staideanna socheacnamaíochta leochaileacha agus le cúram fadtéarmach, le cois scileanna eile. Beidh na dúshláin a sainaithníodh le linn an tSeimeastair Eorpaigh ábhartha go háirithe.
- Leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a mbeidh tionchar fadtéarmach acu ar an acmhainneacht fáis agus ar athléimneacht gheilleagar na mBallstát agus tabharfar aghaidh léi ar dhúshláin a sainaithníodh le linn an tSeimeastair Eorpaigh.
- Le Fís Eorpa maoineofar taighde agus nuálaíocht i réimse na sláinte: sláinte ó thús go deireadh saoil; tosca comhshaoil agus sláinte sóisialta; galair neamhtheagmhálacha agus galair neamhchoitianta; galair

thógálacha; is iad uirlisí, teicneolaíochtaí agus réitigh dhigiteacha le haghaidh na sláinte, an chúraim agus córais cúraim sláinte na réimsí idirghabhála sa togra ón gCoimisiún le haghaidh cnuasach "sláinte". Le Clár EU4Health, cuideofar lena áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr as torthaí taighde agus éascófar leis glacadh, forbairt thapa agus cur in úsáid nuálaíochta sláinte i gcórais cúraim sláinte agus sa chleachtas cliniciúil.

- Leis an gClár don Eoraip Dhigiteach, tacófar le cur in úsáid bonneagair dhigitigh atá ina bhonn taca ag úsáid fhorleathan teicneolaíochtaí digiteacha i réimsí a bhaineann le leas an phobail. Leis an gclár, tacófar le huirlisí agus bonneagair sonraí lena dtacaítear le spásanna sonraí in earnálacha éagsúla, i measc eilimintí eile. Díreoidh Clár EU4Health ar roinnt feidhmeanna sonraí agus ardáin saoránach a sheachadadh lena gcumhdófar réimsí amhail bainistiú slán agus éifeachtach sonraí pearsanta maidir le sláinte trasna teorainneacha, agus é ag tógáil ar an mbonneagar sin agus cur chun feidhme ar bhonn píolótach in earnálacha éagsúla a dtacaítear leo le Clár CED; sonraí níos fearr a chur ar fáil le haghaidh taighde, galair a chosc agus sláinte agus cúram sláinte pearsantaithe; agus úsáid uirlisí digiteacha chun saoránaigh a chumhachtú agus ar mhaithe le cúram daonlárnach, i gcomhréir le rialacha maidir le cosaint sonraí.
- Leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa 2 Digiteach (SCE Digiteach) maoineofar líonraí gigighiotán atá an-athléimneach chun gníomhaithe socheacnamaíocha a nascadh, lena n-áirítear ospidéil agus lárionaid leighis, i réimsí nach bhfuil líonraí den chineál sin iontu nó a bhfuil sé beartaithe iad a chur in úsáid go luath; cumasófar leis sin feidhmeanna criticiúla amhail obráidí teilea-oibrithe chomh maith le roinnt sonraí leighis. Cuirfear ar fáil leis nascacht do theaghlaigh chun faireachán othar ó chian a chumasú ar bhealach slán agus i gcomhréir le reachtaíocht cosanta sonraí.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é is bunús dlí leis an togra seo Airteagal 168(5) CFAE, lena ndéantar foráil maidir le bearta dreasachta a ghlacadh a bheidh ceaptha chun sláinte an duine a chosaint agus a fheabhsú, agus go háirithe chun na móraicídí trasteorann a chomhrac, bearta a bhunú a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, le luathrabhadh a thabhairt faoi na bagairtí sin, agus lena gcomhrac, mar aon le bearta a bhunú arb é is cuspóir díreach dóibh an tsláinte phoiblí a chosaint i dtaca le tobac agus le mí-úsáid alcóil.

Faoi Airteagal 168 CFAE, tá sé de dhualgas ar an Aontas beartais sláinte náisiúnta a chomhlánú agus tacú leis na bearta sin, comhar idir na Ballstáit a spreagadh agus comhordú idir a gcláir a chur chun cinn, agus é ag urramú go hiomlán freagrachtaí na mBallstát as a mbeartais sláinte a shainiú agus as seirbhísí sláinte agus cúram sláinte a eagrú agus a sholáthar.

Leis an gClár EU4Health a leagtar síos sa togra, a chuirtear chun feidhme faoi bhainistiú díreach agus indíreach, cumhdaítear gníomhaíochtaí agus bearta

dreasachta a bhfuil sé d'aidhm acu rioscaí sláinte a chosc agus sláinte an duine a chosaint agus a fheabhsú.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

De bhun phointe (a) d'Airteagal 6 CFAE, beidh sé de chumas ag an Aontas gníomhaíochtaí a dhéanamh chun tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát, chun iad a chomhordú nó cur leo ar mhaithe le cosaint agus feabhsú shláinte an duine. Faoi Airteagal 168 CFAE, tá sé de dhualgas ar an Aontas beartais sláinte náisiúnta a chomhlánú agus tacú leo.

Is iad cuspóirí an Rialacháin seo daoine san Aontas a chosaint ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte; chun cur le hardleibhéal cosanta sláinte poiblí trí thacú le gníomhaíochtaí lena gcuirtear an tsláinte chun cinn, lena gcuirtear cosc ar ghalair, lena dtreisítear córais sláinte, lena bhfeabhsaítear infhaighteacht agus inacmhainneacht cógas san Aontas agus táirgí eile atá ábhartha i gcás géarchéime agus tacú le hobair chomhtháite agus chomhordaithe agus le malartú dea-chleachtas ina leith sin.

I bhfianaise na mbeart atá beartaithe faoin togra, ní féidir leis na Ballstáit, ag feidhmiú ina n-aonar, cuspóirí Chlár EU4Health a ghnóthú go leordhóthanach agus, is fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Cuirfear Clár EU4Health chun feidhme agus lánurraim á tabhairt do na freagrachtaí atá ar na Ballstát maidir lena mbeartas sláinte a shainiú agus seirbhísí sláinte agus cúram liachta a eagrú agus a sholáthar mar a dhearbhaítear in Airteagal 168 CFAE.

Dá bhrí sin, urramaítear prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní théann an togra seo thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóirí a ghnóthú. Is é prionsabal na comhréireachta an prionsabal rialaithe a bhí ag dearadh Chlár EU4Health a rinne an Coimisiún, ina moltar sineirgí a shainaithint agus a chumasú le cláir eile agus comhar leis na Ballstáit a neartú agus tosaíochtaí á sainaithint dó.

Tá an togra comhréireach agus féachtar leis le rannpháirtíocht na mBallstát sna gníomhaíochtaí a dtacaítear leo ann a mhéadú trí na bacainní ar rannpháirtíocht a laghdú an méid is féidir, agus foráiltear leis laghdú an ualaigh riaracháin ar an Aontas agus ar na húdaráis náisiúnta a theorannú don mhéid is gá ionas gur féidir leis an gCoimisiún a fhreagracht as buiséad an Aontais a chur chun feidhme a fheidhmiú.

- **An rogha ionstraime**

Is Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an rogha ionstraime le Clár EU4Health a chur ar bun.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ SIARGHABHÁLACHA, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

  – An Clár Sláinte 2014-2020

  **Láidreachtaí:** Deimhníodh sa mheastóireacht mheántéarma go bhfuil breisluach AE ag gníomhaíochtaí an chláir, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

  (i) cumas méadaithe sna Ballstáit aghaidh a thabhairt ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte;

  (ii) treoirlínte teicniúla agus moltaí maidir le hailse, le VEID/SEIF agus le heitinn a chosc;

  (iii) tacaíocht bhreise do reachtaíocht Sláinte an Aontais maidir le táirgí íocshláinte agus feistí leighis, agus do ghníomhaíochtaí Líonra eHealth agus don Mheasúnú ar Theicneolaíocht Sláinte.

  Aithníodh sa mheastóireacht, freisin, breisluach uirlisí lena rialaítear ionfhabhtaithe a bhaineann le cúram sláinte agus lena ngéaraítear ar na hiarrachtaí comhordaithe a dhéantar chun comhrac i gcoinne frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach, agus breisluach na móroibre ullmhúcháin a dhéantar trí bhíthin na nGníomhaíochtaí Comhpháirteacha chun dea-chleachtais i leith cosc agus bainistiú galar a shainaithint agus a aistriú. Ina theannta sin, aithníodh an ról dearfach a bhí ag gníomhaíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu malartú trasteorann sonraí a mhéadú ar dhóigh idir-inoibritheach chaighdeánach, agus ag na hiarrachtaí a rinneadh bonneagair dhigiteacha uile-AE a bhunú chuige sin.

  **Laigí:** I gcás réimsí neamhreachtacha, inar féidir scóip agus cuspóirí níos leithne a bheith ag na gníomhaíochtaí a dhéantar, léiríodh sa mheastóireacht mheántéarma go bhféadfadh easpa fócais a bheith ag roinnt leis na gníomhaíochtaí sin. Tá an fhéidearthacht ann na critéir bhreisluacha a chuíchóiriú chun díriú ar na trí phríomhréimse seo: Aghaidh a thabhairt ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, feabhas a chur ar bharainneacht scála, agus malartú agus cur chun feidhme dea-chleachtas a chothú. Bhí roinnt mí-éifeachtúlachtaí agus easnamh ann freisin a bhain le faireachán sonraí cur chun feidhme, rud is féidir ciotaí a dhéanamh do bhainisteoirí cláir an t-eolas is déanaí a bheith acu faoina bhfuil bainte amach ag an gclár.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

  Faoin togra bunaidh i dtaobh an chéad CAI eile, áiríodh an tsláinte faoi Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+). Rinneadh comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara bunaithe ar mhapáil geallsealbhóirí, a chuimsíonn príomheagraíochtaí agus príomhinstitiúidí an Aontais a phléann le réimse an bheartais shóisialta agus fostaíochta agus le hinfheistíocht ábhartha – údaráis phoiblí ar gach leibhéal rialtais, na comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí den tsochaí shibhialta, tairbhithe maoiniúcháin agus úsáideoirí deiridh mar aon le saoránaigh ar fud an Aontais. Bhain na conclúidí ginearálta, atá ábhartha don

chlár nua chomh maith, leis an ngá atá le cuíchóiriú a dhéanamh ar an malartú eolais idir tíortha agus réigiúin, lena ndéantar an t-ualach riaracháin ar thairbhithe a shimpliú agus a laghdú, lena n-áirítear na ceanglais maidir le sonraí a bhailiú ó rannpháirtithe a dhéanamh níos éadroime. Iarradh, freisin, sineirgí a neartú agus dúbailt oibre agus forluí idir ionstraimí an Aontais a sheachaint.

Go háirithe, thángthas ar an gconclúid nach bhfuil ach aon dóigh amháin ann le déileáil go héifeachtach le saincheisteanna sláinte poiblí, is é sin comhar a dhéanamh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Luadh go bhfuil breisluach ag baint leis an Aontas Eorpach a dhul i ngleic le dúshláin choiteanna amhail éagothromaíochtaí sláinte, imirce, aosú an daonra, sábháilteacht othar, cúram sláinte ardcháilíochta, agus le bagairtí sláinte go háirithe galair neamhtheagmhálacha, galair thógálacha agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach.

- **Saineolas seachtach**

  Neamhbhainteach

- **Measúnú tionchair**

  Bhí measúnú tionchair, a scrúdaigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála faoin gclár Mhargadh Aonair CAI an 18 Aibreán 2018 agus a d'eisigh sé tuairim dhearfach faoi, ina thaca leis an togra le haghaidh clár Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, lena n-áirítear an tsláinte. Coimeádtar na cuspóirí sláinte uile ón togra bunaidh agus tugtar tosaíocht do fhreagairt agus ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna an Aontais agus na mBallstáit i dtaca le géarchéimeanna sláinte amach anseo i ndiaidh phaindéim COVID-19. Tá na cuspóirí ginearálta agus sonracha ailínithe le tosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin maidir le cógaisíocht agus ailse.

- **Simpliú**

  Neamhbhainteach

- **Cearta bunúsacha**

  Leis an gClár EU4Health, rannchuideofar le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ós rud é go bhfuil sé d'aidhm aige feabhas a chur ar an rochtain ar chúram sláinte coisctheach agus an ceart tairbhiú den chóireáil leighis faoi na coinníollacha a leagadh síos le dlíthe cleachtais náisiúnta. Tá an Clár nua ailínithe freisin le cuspóir na Cairte go bhfuil ardleibhéal cosanta le haghaidh sláinte an duine le háirithiú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

EUR 10 397 614 000 (i bpraghsanna reatha) atá sa bhuiséad iomlán atá leithdháilte ar Chlár EU4Health don tréimhse 2021-2027.

1. Is faoi cheannteideal 5 "Athléimneacht, Slándáil agus Cosaint" CAI 2021-2027 a thiocfaidh EUR 1 946 614 000;

2. Is ó fháltais Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh [/Rialachán xxx], a thiocfaidh EUR 8 451 000 000, is é sin ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21.5 den Rialachán Airgeadais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Is trí bhíthin bainistiú díreach go príomha a chuirfear Clár EU4Health chun feidhme, trí úsáid deontas, duaiseanna agus soláthair, chomh maith le bainistiú indíreach.

Meastar go gcuirfear cuid de Chlár EU4Health chun feidhme trí bhíthin na ngníomhaíochtaí feidhmiúcháin.

Déanfar measúnú ar thorthaí an Chláir agus ar a n-aschuir trí bhíthin táscairí réamhshainithe le haghaidh na bpleananna oibre sonracha chun faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme. Cuirfear béim ar leith ar fhaireachán chomhordú na gclár caiteachais sláinte ábhartha chun a áirithiú nach mbeidh aon chistiú dúbailte ann agus go ndéanfar sineirgí.

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht mheántéarma agus meastóireacht deiridh ar an gClár chun a éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach a mheas, i gcomhréir le hAirteagal 34, mír 3, den Rialachán Airgeadais.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

<u>Caibidil I – Forálacha ginearálta</u>

Leis an Rialachán cuirtear Clár EU4Health ar bun le haghaidh ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte le haghaidh an tréimhse 2021-2027.

Leagtar amach cuspóirí ginearálta an Chláir in Airteagal 3 den Rialachán, agus seo a leanas iad:

(1) daoine san Aontas a chosaint ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte;

(2) le hinfhaighteacht cógas, feistí leighis agus táirgí eile atá ábhartha i gcás géarchéime san Aontas, cuirtear lena n-inacmhainneacht agus tacaítear le nuálaíocht;

(3) córais sláinte agus an lucht saothair cúraim sláinte a dhaingniú, lena n-áirítear le claochlú digiteach agus le hobair mhéadaithe chomhtháthaithe idir na Ballstáit, le cur chun feidhme marthanach an dea-chleachtais agus na comhroinnte sonraí, chun leibhéal ginearálta na sláinte poiblí a ardú.

In Airteagal 4 déantar foráil maidir cuspóirí sonracha an Chláir.

Leagtar síos buiséad an Chláir agus rialacha maidir le hacmhainní ó mhéideanna a chuirtear ar fáil trí Rialachán [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh ] in Airteagail 5 agus 6.

Tá rannpháirtíocht oscailte d'eintitis dhlíthiúla atá bunaithe i mBallstát nó i dtír rannpháirteach nach bhfuil san Aontas, gan aon srian breise maidir le rochtain ar an gClár.

Caibidil II – Cistiú

Cuirfear an Clár chun feidhme trí bhíthin bainistiú díreach nó indíreach agus bainfear úsáid as na sásraí caiteachais bhuiséad an Aontais a úsáidtear den chuid is mó, lena n-áirítear soláthar, duaiseanna agus deontais. Déantar foráil maidir le forálacha sonracha le haghaidh soláthair éigeandála, an deis measctha, agus rialacha maidir le cistiú carnach in Airteagail 8 agus 9.

Caibidil III – Gníomhaíochtaí

Sa Chaibidil sin leagtar síos na rialacha maidir le gníomhaíochtaí, eintitis agus costais atá incháilithe.

Tá liosta neamh-uileghabhálach de ghníomhaíochtaí is féidir a chistiú tríd an gClár le fáil in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán. Meastar go bhfuil gníomhaíochtaí incháilithe a mhéid a gcuirtear na cuspóirí a leagtar síos in Airteagail 3 agus 4 chun feidhme leo.

Maidir le costais, in Airteagal 15, déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht, faoi choinníollacha, a mheas gur costais incháilithe iad na costais arna dtabhú roimh an dáta a chuirfear isteach an t-iarratas ar dheontas, i gcás gníomhaíochtaí lena rannchuidítear le cosaint daoine san Aontas ar bhagairtí tromchúiseacha sláinte agus i gcásanna eisceachtúla eile. I gcásanna atá eisceachtúil ar bhealach cosúil leis sin, agus arís faoi choinníollacha, is féidir a mheas go bhfuil costais, a thabhaíonn eintitis atá bunaithe i dtíortha neamhchomhlachaithe i dtaca le géarchéim trasteorann, incháilithe.

D'fhonn simpliú uasta a bhaint amach, sonraítear sa Rialachán coinníollacha nó maoluithe breise ar an Rialachán Airgeadais maidir le ceanglais incháilitheachta d'eintitis, eisceachtaí ar an gceanglas maidir le glao ar thograí, rialacha cómhaoinithe, costais incháilithe, etc.

Caibidil IV – Rialachas

Sa Chaibidil sin déantar foráil maidir leis an oibleagáid atá ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le húdaráis sláinte na mBallstát maidir le pleananna oibre le haghaidh an Chláir, maidir lena thosaíochtaí agus a threoruithe straitéiseacha agus lena chur chun feidhme.

Caibidil V – Cláreagrú, faireachán, meastóireacht agus rialú

Áirítear liosta táscairí an Chláir in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán, agus comhlánaítear sin le liosta táscairí níos sonraithe atá le húsáid chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an Chláir. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun liosta na dtáscairí a leasú más gá.

Déanfar meastóireachtaí eatramhacha agus críochnaitheacha.

Caibidil VI – forálacha idirthréimhseacha agus forálacha deiridh

Leis an gCaibidil sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí cumarsáide agus faisnéise dírithe ar níos mó ná sainghrúpa amháin maidir leis an gClár agus ar a ghníomhaíochtaí a chur chun feidhme (mar a sainítear freisin in Iarscríbhinn I).

2020/0102 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Clár a bhunú do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte don tréimhse 2021-2027 agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 ("Clár EU4Health")**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 168(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[4],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[5],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[6],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir Airteagal 3(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar na haidhmeanna atá ag an Aontas tá dea-bhail a chuid pobal a chur chun cinn.

(2) I gcomhréir le hAirteagail 9 agus 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus Airteagal 35 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt), tá ardleibhéal cosanta le haghaidh shláinte an duine le háirithiú agus beartais agus gníomhaíochtaí uile an Aontais á sainiú agus á gcur chun feidhme.

(3) Foráiltear le hAirteagal 168 de CFAE go bhfuil sé de dhualgas ar an Aontas beartais sláinte náisiúnta a chomhlánú agus tacú leo, comhar idir na Ballstáit a spreagadh agus comhordúchán idir a gcláir a chur chun cinn, ag urramú go hiomlán dó freagrachtaí na mBallstát as a mbeartais sláinte a shainiú agus as seirbhísí sláinte agus cúram sláinte a eagrú agus a sholáthar.

(4) Tá gníomhaíochtaí leanúnacha déanta go háirithe faoi na cláir do ghníomhaíocht an Aontais a bhí ann roimhe seo i réimse na sláinte poiblí chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 168 de CFAE a chomhlíonadh[7].

---

[4] IO C […], […], lch. […].

[5] IO C […], […], lch. […].

[6] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an .... agus cinneadh ón gComhairle an ….

[7] Cinneadh Uimh. 1786/2002/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2002 lena nglactar clár gníomhaíochta Comhphobail i réimse na sláinte poiblí (2003-2008) (IO L 271, 9.10.2002,

(5) An 11 Márta 2020, dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) gur paindéim dhomhanda a bhí i ráig úrnua an choróinvíris (COVID-19). An phaindéim *is cúis le géarchéim* sláinte *dhomhanda* nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe as ar eascair iarmhairtí socheacnamaíocha fíordhíobhálacha agus fulaingt an duine.

(6) Cé gurb iad na Ballstáit atá freagrach as a mbeartais sláinte, táthar ag súil go ndéanfaidh siad an tsláinte phoiblí a chosaint de mheon na dlúthpháirtíochta Eorpaí[8]. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim leanúnach COVID-19 go bhfuil gá le gníomhaíocht dhaingean bhreise ar leibhéal an Aontais chun tacú leis an gcomhar agus leis an gcomhordú idir na Ballstáit chun feabhas a chur ar chosc agus ar rialú leathadh galar tromchúiseach daonna thar theorainneacha, chun bagairtí tromchúiseacha trasteorann eile ar an tsláinte a chomhrac agus chun sláinte agus folláine daoine san Aontas a chosaint.

(7) Is iomchuí, mar sin, Clár nua a bhunú do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte, clár ar a dtabharfar Clár EU4Health ("an Clár") don tréimhse 2021-2027. I gcomhréir le cuspóirí ghníomhaíocht an Aontais agus lena inniúlachtaí i réimse na sláinte poiblí, ba cheart don Chlár béim a leagan ar ghníomhaíochtaí a bhfuil buntáistí agus gnóthachain éifeachtúlachta iontu a eascróidh as comhoibriú agus comhar ar leibhéal an Aontais agus ar ghníomhaíochtaí a bhfuil tionchar acu ar an margadh inmheánach.

(8) Leis an Rialachán sin ba cheart imchlúdach airgeadais don Chlár do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte a leagan síos arb é a bheidh ann an príomh-mhéid tagartha, de réir bhrí phointe 16 den Togra le haghaidh Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais mar atá glactha ag na hInstitiúidí sin[9].

(9) I gcomhréir le Rialachán [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh] agus laistigh de theorainneacha na n-acmhainní a leithdháiltear ann, ba cheart bearta téarnaimh agus athléimneachta faoin gClár a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19, géarchéim nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe. Ba cheart na hacmhainní breise sin a úsáid ar bhealach lena n-áiritheofaí go gcomhlíonfaí na teorainneacha ama dá bhforáiltear i Rialachán [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh].

(10) Mar gheall ar a thromchúisí atá na bagairtí trasteorann ar an tsláinte, ba cheart don Chlár tacú le bearta comhordaithe sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe éagsúla de bhagairtí den sórt sin. D'fhonn cur leis an gcumas san Aontas chun ullmhú do ghéarchéim sláinte, freagairt di agus í a bhainistiú, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacaíocht a sholáthar do na gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoi chuimsiú na sásraí agus na struchtúr a bhunaítear faoi Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE

---

lch. 1); Cinneadh Uimh. 1350/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear an dara clár gníomhaíochta Comhphobail i réimse na sláinte (2008-13) (IO L 301, 20.11.2007, lch. 3); Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir le tríú Clár a bhunú do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1350/2007/CE (IO L 86, 21.3.2014, lch. 1).

[8] Teachtaireacht chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta agus chuig an nGrúpa Euro maidir le freagairt eacnamaíoch chomhordaithe ar ráig COVID-19, COM(2020) 112 final an 13.3.2020.

[9] COM/2018/323 final.

ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] agus do shásraí agus do struchtúir ábhartha eile a bhunaítear ar leibhéal an Aontais. D'fhéadfaí a áireamh leis sin freisin soláthairtí riachtanacha leighis a stoc-charnadh go straitéiseach nó acmhainní a fhorbairt chun freagairt ar ghéarchéimeanna, bearta coisctheacha a bhaineann le vacsaíniú agus imdhíonadh, cláir neartaithe faireachais. Sa chomhthéacs sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, cumas na ngníomhaithe ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, chun cabhrú le cosc, ullmhacht, faireachas, bainistiú agus acmhainn freagartha na ngníomhaithe sin i dtaca le géarchéim shláinte, lena n-áirítear pleanáil theagmhasach agus cleachtaí ullmhachta, i gcomhréir leis an gcur chuige "Aon Sláinte Amháin". Ba cheart, trína bhíthin, éascaíocht a dhéanamh do chreat trasghearrthach comhtháite cumarsáide maidir le riosca a chur i bhfeidhm i ngach céim de ghéarchéim sláinte — cosc, ullmhacht agus freagairt.

(11) Ós rud é gur féidir le measúnú ar theicneolaíocht sláinte éigeandála agus le trialacha cliniciúla rannchuidiú le forbairt ghasta frithbheart leighis le linn géarchéim sláinte, ba cheart tacaíocht a sholáthar trí bhíthin an Chláir chun gníomhaíochtaí den sórt sin a éascú. Ghlac an Coimisiún togra[11] maidir le Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (HTA) chun tacú leis an gcomhar maidir le measúnú ar theicneolaíocht sláinte ar leibhéal an Aontais.

(12) D'fhonn daoine atá i staideanna leochaileacha a chosaint, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil meabhairghalair agus galair ainsealacha orthu, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, gníomhaíochtaí a chur chun cinn freisin lena dtabharfar aghaidh ar *thionchair chomhthaobhacha* na géarchéime sláinte ar dhaoine ar de ghrúpaí leochaileacha den sórt sin iad.

(13) Géarchéim COVID-19 is rud é a chur i bhfáth na dúshláin iomadúla a bhaineann le soláthar cógas, feistí leighis agus trealaimh cosanta pearsanta a theastaíonn san Aontas le linn na bpaindéimí a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacaíocht a sholáthar do ghníomhaíochtaí lena gcothaítear táirgeadh, soláthar agus bainistiú táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, agus comhlántacht agus comhleanúnachas ionstraimí eile an Aontais á n-áirithiú.

(14) Chun na hiarmhairtí don tsláinte phoiblí ó bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte a laghdú a mhéid is féidir, ba cheart a bheith in ann le gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh faoin gClár comhordú na ngníomhaíochtaí lena neartaítear idir-inoibritheacht agus comhleanúnachas chórais sláinte na mBallstát a chumhdach trí thagarmharcáil, trí chomhar agus trí dhea-chleachtais a chomhroinnt agus a áirithiú go mbeidh ar a gcumas dóibh freagairt d'éigeandálaí sláinte, lena n-áirítear pleanáil theagmhasach, cleachtaí ullmhachta agus uas-sciliú na foirne cúraim sláinte agus na foirne sláinte poiblí agus sásraí a bhunú le haghaidh faireachán éifeachtúil agus leithdháileadh atá bunaithe ar riachtanais a dhéanamh ar earraí agus ar sheirbhísí a bhfuil gá leo in am géarchéime.

(15) Léirigh taithí a fuarthas ó ghéarchéim COVID-19 go bhfuil gá ginearálta le tacaíocht a thabhairt do chlaochlú struchtúrach agus d'athchóirithe córasacha na gcóras sláinte ar

---

[10] Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2119/98/CE (IO L 293, 5.11.2013, lch. 1).

[11] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le measúnú ar theicneolaíocht sláinte agus lena leasaítear Treoir 2011/24/AE, COM(2018) 51 final an 31.01. 2018.

fud an Aontais chun cur lena n-éifeachtacht, lena n-inrochtaineacht agus lena n-athléimneacht. I gcomhthéacs an chlaochlaithe agus na n-athchóirithe sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, i sineirgíocht leis an gClár don Eoraip Dhigiteach, gníomhaíochtaí a chun cinn trína gcuirfear le *claochlú digiteach* na seirbhísí sláinte agus trína gcuirtear le hidir-inoibritheacht na seirbhísí sin, cur le hacmhainneacht na gcóras sláinte chun galar a chosc agus chun an tsláinte a chur chun cinn, samhlacha cúraim nua agus seirbhísí comhtháite a sholáthar, idir réimse an chúraim sláinte phríomhúil agus an chúraim sláinte pobail agus seirbhísí speisialaithe bunaithe ar riachtanais daoine, agus *lucht saothair* éifeachtúil a áirithiú i réimse na sláinte poiblí a bhfuil na scileanna cuí acu, *lena n-áirítear scileanna digiteacha*. Trí bhíthin spás Eorpach le haghaidh sonraí sláinte a fhorbairt, bheadh córais cúraim sláinte, taighdeoirí agus údaráis phoiblí in ann infhaighteacht agus cáilíocht an chúraim sláinte a fheabhsú. I bhfianaise an chirt bhunúsaigh chun rochtain a fháil ar chúram sláinte coisctheach agus ar chóireáil leighis, ceart a chumhdaítear in Airteagal 35 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus i bhfianaise luachanna comhchoiteanna agus prionsabail chomhchoiteanna i gCórais Sláinte an Aontais Eorpaigh mar a leagtar amach iad sna Conclúidí ón gComhairle an 2 Meitheamh 2006[12] ba cheart an Clár a bheith ina thaca ag gníomhaíochtaí lena n-áiritheofaí uilíochas agus cuimsitheacht an chúraim sláinte, rud a chiallaíonn nach gcuirfear cosc ar aon duine rochtain a fháil ar chúram sláinte, agus go n-urramófar na gníomhaíochtaí sin lena n-áirithítear cearta othar.

(16) Ach daoine a choinneáil folláin agus gníomhach níos faide agus é a chur ar a gcumas ról gníomhach a bheith acu i mbainistiú a sláinte, déanfar tairbhe ó thaobh sláinte, éagothromaíochtaí sláinte, chaighdeán na beatha, táirgiúlachta, iomaíochais agus cuimsitheachta, agus laghdófar an brú ar na buiséid náisiúnta freisin. Thug an Coimisiún gealltanas cuidiú leis na Ballstáit a spriocanna forbartha inbhuanaithe a leagtar amach i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe sprioc uimhir 3 "Beatha shláintiúil a áirithiú agus an fholláine a chur cinn do chách ag gach aois"[13]. Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, rannchuidiú leis na bearta a dhéantar chun na spriocanna sin a bhaint amach.

(17) Is toradh iad galair neamhtheagmhálacha ar theaglaim gnéithe géiniteacha, fiseolaíocha, comhshaoil agus iompraíochta. Galair neamhtheagmhálacha amhail galair chardashoithíocha, ailse, galair riospráide ainsealacha, agus diaibéiteas, is iad is príomhthrúig le míchumas, drochshláinte, scor de dheasca drochshláinte, agus bás anabaí san Aontas agus leagtar costais shuntasacha ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar mar gheall orthu. Chun tionchar na ngalar neamhtheagmhálach ar dhaoine aonair agus ar an tsochaí san Aontas a laghdú agus sprioc 3 de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, Sprioc 3.4, chun an mhortlaíocht anabaí de bharr galair ainsealacha neamhtheagmhálacha a laghdú aon trian faoi 2030, is ríthábhachtach an rud é freagairt chomhtháite a sholáthar lena ndíreofar ar chosc ar fud na n-earnálacha agus réimsí beartais, i gcomhar le hiarrachtaí chun córais sláinte a neartú.

(18) Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, rannchuidiú le galair a chosc le linn saol duine aonair agus leis an tsláinte a chur chun cinn trí aghaidh a thabhairt ar gnéithe

---

[12] Conclúidí ón gComhairle maidir le luachanna comhchoiteanna agus prionsabail chomhchoiteanna i gCórais Sláinte an Aontais Eorpaigh (IO C 146, 22.6.2006, lch. 1).

[13] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Na chéad chéimeanna eile i dtaca le todhchaí inbhuanaithe don Eoraip. Gníomh Eorpach don inbhuanaitheacht COM (2016) 739 final an 22.11.2016.

riosca coiteanna, amhail úsáid tobac agus táirgí gaolmhara agus tógáil a n-astaíochtaí, mí-úsáid alcóil agus caitheamh drugaí aindleathacha. Anuas air sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, rannchuidiú leis an dochar a dhéantar don tsláinte le drugaí, nósanna cothaithe mífholláine agus neamhghníomhaíocht choirp agus tógáil thruailliú an chomhshaoil a laghdú agus le timpeallachtaí tacúla do stíleanna maireachtála folláine a chothú d'fhonn gníomhaíocht na mBallstát sna réimsí sin a chomhlánú. Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, rannchuidiú freisin le gnóthú chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, na Straitéise ón bhFeirm go dtí an Forc agus na Straitéise Bithéagsúlachta.

(19) Tar éis galair chardashoithíocha is í an ailse an dara trúig mhortlaíochta is mó sna Ballstáit. Chomh maith leis sin, tá sí ar cheann de na galair neamhtheagmhálacha a bhfuil gnéithe riosca coiteanna aici, galar a rachadh sé chun tairbhe d'fhormhór na saoránach ach í a chosc agus a rialú. In 2020, d'fhógair an Coimisiún 'Plean na hEorpa chun an Ailse a Chomhrac', plean lena gcumhdófaí timthriall iomlán an ghalair ó chosc agus ó fháthmheas luath go cóireáil agus caighdeán saoil othar agus marthanóirí. Ba cheart go mbainfeadh na bearta tairbhe as an gClár agus as Misean Ailse an chláir Fís Eorpach.

(20) Oibreoidh an Clár i sineirgíocht agus i gcomhlántacht le beartais, le cláir agus le cistí eile de chuid an Aontais amhail gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme faoin gClár don Eoraip Dhigiteach, Fís Eorpach, cúlchiste rescEU faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála, Ciste Sóisialta na hEorpa + (CSE+, lena n-áirítear maidir le sineirgí i dtaca le sláinte agus sábháilteacht na milliún oibrithe a chosaint san Aontas), lena n-áirítear an Clár um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI), ciste InvestEU, Clár an Mhargaidh Aonair, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta lena n-áirítear an Uirlis Athchóiriúcháin, Erasmus, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, Tacaíocht chun rioscaí dífhostaíochta le linn éigeandálaí a mhaolú (SURE), agus ionstraimí eile de chuid an Aontais le haghaidh bearta seachtracha, amhail an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta agus an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais III. I gcás inarb iomchuí, bunófar rialacha coiteanna d'fhonn comhsheasmhacht agus comhlántacht idir cistí a áirithiú agus san am céanna, deimhin a dhéanamh de go ndéanfar sainiúlachtaí na mbeartas sin a urramú, agus d'fhonn riachtanais straitéiseacha na mbeart, na gclár agus na gcistí sin a ailíniú, amhail na coinníollacha cumasúcháin faoi CFRE agus CSE+.

(21) I gcomhréir le hAirteagal 114 CFAE, ba cheart ardleibhéal cosanta sláinte a áirithiú sa reachtaíocht arna glacadh ag an Aontas maidir le bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Ar bhonn Airteagal 114 de CFAE agus phointe (c) d'Airteagal 168(4) de CFAE, forbraíodh corpas suntasach d'*acquis* an Aontais lena ráthaítear na hardchaighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta do tháirgí íocshláinte agus d'fheistí leighis. Agus an t-éileamh ar chúram sláinte ag dul i méad, tá dúshláin roimh chórais cúraim sláinte na mBallstát maidir le hinfhaighteacht agus inacmhainneacht cógas agus feistí leighis. Chun cosaint sláinte poiblí níos fearr a áirithiú chomh maith le sábháilteacht agus cumhachtú othar san Aontas, is rud fíor-riachtanach é rochtain a bheith ag othair agus ag córais sláinte ar tháirgí cúraim sláinte ar ardchaighdeán agus gur féidir leo tairbhiú go hiomlán de na táirgí sin.

(22) Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacú le gníomhaíochtaí chun faireachán a dhéanamh ar ghanntanais cógas, feistí leighis agus táirgí cúraim sláinte eile agus chun a áirithiú gur mó rochtain atá orthu agus go bhfuil siad níos inacmhainne agus spleáchas a slabhraí soláthair ar thríú tíortha á theorannú ag an am céanna. Go háirithe,

chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais leighis nach bhfuiltear ag freastal orthu, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacaíocht a sholáthar do thrialacha cliniciúla chun dlús a chur le forbairt, údarú agus rochtain ar chógais leighis nuálacha agus éifeachtacha, chun dreasachtaí a chur chun cinn chun táirgí íocshláinte amhail frithmhiocróbaigh a fhorbairt agus chun an claochlú digiteach a chothú i dtaca le táirgí cúraim sláinte agus ardáin lena ndéantar faireachán ar chógais agus lena mbailítear sonraí fúthu.

(23) Ós rud é gur chun tairbhe do dhaoine aonair agus do chórais sláinte go háirithe an úsáid is fearr is féidir a bhaint as cógais agus frithmhiocróbáin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, úsáid stuama agus éifeachtúil na gcógas sin a chur chun cinn. I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta Eorpach "Aon Sláinte Amháin" i gcoinne Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach[14], plean a glacadh mí an Mheithimh 2017 tar éis na hiarrata ó na Ballstáit, agus i bhfianaise na taithí a fuarthas de bharr na n-ionfhabhtuithe tánaisteacha baictéaracha a bhaineann le COVID-19, is rud fíor-riachtanach é go dtacóidh an Clár le gníomhaíochtaí atá dírithe ar úsáid stuama a bhaint as ábhair fhrithmhiocróbacha i ndaoine, in ainmhithe agus i mbarra, faoi chuimsiú beartas comhtháite maidir le sábháilteacht othar agus maidir le hearráidí leighis a chosc.

(24) Ós rud é gur fadhb chomhshaoil atá ag teacht chun cinn é truailliú an chomhshaoil, fadhb a bhíonn ann de dheasca substaintí cógaisíochta daonna agus tréidliachta agus gur féidir leis tionchar a bheith aige ar an tsláinte phoiblí, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, bearta a chothú chun feabhas a chur ar mheasúnú agus ar bhainistiú iomchuí na rioscaí comhshaoil a bhaineann le táirgeadh, úsáid agus diúscairt táirgí íocshláinte i gcomhréir le Cur Chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le Cógaisíocht sa Chomhshaol[15].

(25) Bíonn tionchar láithreach ag reachtaíocht an Aontais ar an tsláinte phoiblí, ar shaol na saoránach, ar éifeachtúlacht agus athléimneacht na gcóras sláinte agus ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. An creat rialála atá ann do tháirgí agus teicneolaíochtaí leighis (táirgí íocshláinte, feistí leighis agus substaintí de bhunús daonna), agus don reachtaíocht maidir le tobac, cearta othar i gcúram sláinte trasteorann agus bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, is rud fíor-riachtanach é chun an tsláinte a chosaint san Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacú le forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht sláinte an Aontais agus sonraí ardcháilíochta, inchomparáide agus iontaofa a sholáthar chun bheith ina dtaca do cheapadh beartas agus faireachán.

(26) An comhar trasteorann maidir le cúram sláinte a sholáthar d'othair a aistríonn idir Ballstáit, comhoibriú maidir le measúnuithe ar theicneolaíocht sláinte (HTA), agus líonraí tagartha Eorpacha, is samplaí iad de réimsí lena ngabhann breisluach mór agus an-phoitéinseal de thairbhe obair chomhtháite idir na Ballstáit chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht na gcóras sláinte a agus, dá bhrí sin, feabhas a chur ar an tsláinte i gcoitinne. Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacú le gníomhaíochtaí chun gur féidir obair chomhtháite agus chomhordaithe den sórt sin a dhéanamh, ar

14 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa 'Plean Gníomhaíochta Eorpach 'Aon Sláinte Amháin i gcoinne Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha', COM (2017)0339 final an 29.6.2017.

15 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa 'Cur Chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh i leith Cógaisíocht sa Chomhshaol', COM(2019)128 final an 11.3.2019.

gníomhaíochtaí iad lena gcothaítear cur chun feidhme cleachtais ardtionchair, cleachtais arb é is aidhm dóibh na hacmhainní atá ar fáil a dháileadh ar an mbealach is éifeachtaí is féidir ar an bpobal agus ar na réimsí lena mbaineann chun a dtionchar a uasmhéadú.

(27) Is líonraí fíorúla iad na líonraí tagartha Eorpacha, a bunaíodh de bhun Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16], líonraí a bhaineann le soláthraithe cúraim sláinte ar fud na hEorpa. Is é is aidhm dóibh plé a éascú maidir le galair aimpléiseacha nó galair neamhchoitianta agus maidir le neamhoird a dteastaíonn cóireáil ardspeisialaithe agus ard-dlús eolais agus acmhainní lena n-aghaidh. Ós rud é gur féidir leis na Líonraí feabhas a chur ar an rochtain ar fháthmheas agus ar sholáthar cúraim sláinte ar ardchaighdeán d'othair a bhfuil neamhoird neamhchoitianta orthu agus gur féidir leo a bheith ina bpointí fócais maidir le hoiliúint leighis agus taighde agus scaipeadh faisnéise, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, rannchuidiú leis an líonrú a mhéadú trí líonraí tagartha Eorpacha, agus trí líonraí trasnáisiúnta eile. Ba cheart dó breithniú a dhéanamh ar líonraí tagartha Eorpacha a leathnú amach chun galair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha amhail ailse a chumhdach chomh maith le galair neamhchoitianta.

(28) Tá feidhm ag Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [17] ("an Rialachán Airgeadais") maidir leis an gClár seo. Leagtar síos leis rialacha maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, soláthar, cur chun feidhme indíreach, cúnamh airgeadais, ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha.

(29) Na cineálacha maoinithe agus na modhanna cur chun feidhme a úsáidfear faoin Rialachán seo, is ar bhonn a fhónta atá siad ó thaobh cuspóirí sainiúla na ngníomhaíochtaí a bhaint amach agus torthaí a bhaint amach ba cheart iad a roghnú, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar chostais rialuithe, ar an ualach riaracháin, agus ar an riosca neamh-chomhlíontachta a mheastar a bheith ann. Ba cheart breithniú ar úsáid a bhaint as cnapshuimeanna, as rátaí comhréidhe agus costais aonaid, agus as maoiniú nach mbaineann le costais mar atá beartaithe in Airteagal 125(1) den Rialachán Airgeadais.

(30) Chun an breisluach agus an tionchar is fearr a fháil ó infheistíochtaí a chistítear go hiomlán nó go páirteach trí bhuiséad an Aontais, ba cheart sineirgí a lorg go háirithe idir an Clár do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte agus cláir eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear na sineirgí sin atá faoi bhainistíocht chomhroinnte. Chun an úsáid is mó is fearr a bhaint as na sineirgí sin, ba cheart príomhshásraí cumasúcháin a áirithiú, lena n-áirítear cistiú carnach i ngníomhaíocht ón gClár do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte agus ó chlár eile de chuid an Aontais, chomh fada agus nach mó an cistiú carnach sin ná costais incháilithe iomlána na gníomhaíochta. Chun na críche sin, ba cheart rialacha iomchuí a leagan amach leis an Rialachán seo, go háirithe maidir leis an bhféidearthacht an costas nó an caiteachas céanna a dhearbhú ar

[16] Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm (IO L 88, 4.4.2011, lch. 45).

[17] Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

bhonn *pro rata* leis an gClár do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte agus do chlár eile de chuid an Aontais.

(31) I bhfianaise chineál sonrach na gcuspóirí agus na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an gClár, is iad údaráis inniúla na mBallstát is fearr a bheidh in ann i gcásanna áirithe na gníomhaíochtaí gaolmhara a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, maidir le húdaráis dá leithéidí, arna n-ainmniú ag na Ballstáit iad féin, ba cheart a mheas gur tairbhithe sainaitheanta iad chun críoch Airteagal 195 den Rialachán Airgeadais agus ba cheart na deontais a dhámhachtain ar na húdaráis sin gan glao ar thograí a fhoilsiú roimh ré.

(32) Is é an Bord de Bhallstáit na líonraí tagartha Eorpacha a fhormheasann na líonraí tagartha Eorpacha, i gcomhréir leis an nós imeachta um fhormheas a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2014/287/AE ón gCoimisiún an 10 Márta 2014[18]. Dá bhrí sin, chun críoch Airteagal 195 den Rialachán Airgeadais, ba cheart a mheas gur tairbhithe sainaitheanta na líonraí sin agus ba cheart na deontais do na líonraí tagartha Eorpacha a dhámhachtain gan glao ar thograí a fhoilsiú roimh ré. Ba cheart deontais dhíreacha a dhámhachtain freisin d'eintitis eile arna n-ainmniú i gcomhréir le rialacha an Aontais (mar shampla saotharlanna tagartha agus lárionaid tagartha, ionaid barr feabhais agus líonraí trasnáisiúnta).

(33) Toisc luachanna coiteanna na dlúthpháirtíochta maidir le cumhdach cothrom uilíoch a dhéanamh ar sheirbhísí sláinte ar ardchaighdeán a bheith mar bhonn do bheartais an Aontais sa réimse sin agus toisc ról lárnach a bheith ag an Aontas maidir le dlús a chur leis an dul chun cinn a dhéanfar i dtaca le dúshláin dhomhanda sláinte[19], ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacú le rannchuidiú an Aontais le tionscnaimh sláinte idirnáisiúnta agus dhomhanda d'fhonn an tsláinte a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas agus cosaint i gcoinne bagairtí sláinte domhanda a mhéadú.

(34) Chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais agus gníomhaíochtaí idirnáisiúnta a uasmhéadú, ba cheart comhar a chothú le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha amhail na Náisiúin Aontaithe agus a ngníomhaireachtaí speisialaithe, go háirithe an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), an Banc Domhanda, agus Comhairle na hEorpa agus an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD), chun an tsraith Sláinte a chur chun feidhme. De bhun Airteagal 94 de Chinneadh 2013/755/AE ón gComhairle[20], daoine agus eintitis atá lonnaithe i dTíortha agus Críocha Thar Lear (TCLanna) tá siad incháilithe do chistiú faoi réir rialacha agus chuspóirí an Chláir agus faoi réir aon socrú féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát a bhfuil na tíortha agus na críocha thar lear nasctha leis.

(35) Féadfaidh tríú tíortha ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a bheith rannpháirteach i gcláir de chuid an Aontais faoi chuimsiú an chomhair arna bhunú faoin gcomhaontú leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ina ndéantar foráil

---

[18] Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/287/AE ón gCoimisiún an 10 Márta 2014 lena leagtar amach critéir maidir le bunú agus meastóireacht líonraí tagartha Eorpacha agus a gcuid ball agus maidir le héascaíocht a dhéanamh do mhalartú faisnéise agus saineolais faoi bhunú agus meastóireacht líonraí den sórt sin (IO L 147, 17.5.2014, lch. 79).

[19] Conclúidí ón gComhairle maidir le ról an Aontais Eorpaigh sa tSláinte Dhomhanda, an 3011ú cruinniú de chuid na Comhairle Gnóthaí Eachtracha, an Bhruiséil, an 10 Bealtaine 2010.

[20] Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le comhlachas na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas Eorpach ("an Cinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear") (IO L 344, 19.12.2013, lch. 1).

maidir le cur chun feidhme na gclár le cinneadh faoin gcomhaontú sin. Ba cheart foráil shonrach a thabhairt isteach leis an Rialachán seo chun na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don oifigeach údarúcháin freagrach, don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) chun go bhféadfaidh gach ceann díobh a gcuid inniúlachtaí féin a fheidhmiú ar bhealach cuimsitheach.

(36) Ba cheart an comhar le tríú tíortha a neartú i dtaca le malartú eolais agus dea-chleachtas i ndáil le hullmhacht agus freagairt na gcóras sláinte.

(37) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21], Rialachán (*Euratom*, CE) Uimh. 2988/95[22] ón gComhairle, Rialachán (*Euratom*, CE) Uimh. 2185/96[23] ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2017/1939[24] ón gComhairle, déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint le bearta comhréireacha, lena n-áirítear le bearta a bhaineann le neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, le bearta a bhaineann le cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialacháin (*Euratom*, CE) Uimh. 2185/96 agus (AE, *Euratom*) Uimh. 883/2013, tá an chumhacht ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Tugtar de chumhacht d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh, de réir mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25].

(38) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, tá aon duine nó eintiteas a fhaigheann cistí Aontais le comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais, leis na cearta agus an rochtain is gá a dheonú don Choimisiún, do OLAF agus don Chúirt Iniúchóirí i dtaca leis na Ballstáit sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, agus do OIPE, agus lena áirithiú go ndeonóidh aon tríú páirtí a mbeidh baint aici le cur chun feidhme cistí Aontais cearta coibhéiseacha. .

(39) Tá feidhm ag rialacha cothrománacha airgeadais arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ar bhonn Airteagal 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an Rialachán seo. Leagtar síos na rialacha sin sa

---

21 Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (*Euratom*) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

22 Rialachán (CE, *Euratom*) Uimh. 2988/95 an 18 Nollaig 1995 ón gComhairle maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

23 Rialachán (*Euratom*, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

24 Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

25 Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

Rialachán Airgeadais agus socraítear leo go háirithe an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme le deontais, soláthar, duaiseanna agus cur chun feidhme indíreach agus déantar foráil leo maidir le seiceálacha i dtaobh freagracht gníomhaithe airgeadais. Na rialacha a ghlactar ar bhonn Airteagal 322 CFAE, baineann siad freisin le cosaint bhuiséad an Aontais i gcás easnaimh ghinearálaithe maidir le smacht reachta sna Ballstáit, ós rud é gur réamhchoinníoll riachtanach urramú an smachta reachta i dtaca le bainistíocht fhónta airgeadais agus cistiú éifeachtach ón Aontas.

(40) Mar léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, rannchuideoidh an Clár seo leis na gníomhaíochtaí a dhéantar ar son na haeráide a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais agus leis an sprioc fhoriomlán a bhaint amach go gcaithfear 25 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide. Sainaithneofar gníomhaíochtaí ábhartha le linn ullmhú agus chur chun feidhme an Chláir, agus déanfar athmheasúnú ar na gníomhaíochtaí sin mar chuid den mheastóireacht mheántéarma ar an gclár.

(41) Ina theannta sin, féadfar aghaidh a thabhairt ar chuspóirí beartais an Chláir le hionstraimí airgeadais agus le ráthaíochtaí buiséadacha faoi Chiste InvestEU. Ba cheart tacaíocht airgeadais a úsáid ar bhealach comhréireach, chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamacha agus níor cheart, de thoradh na ngníomhaíochtaí, maoiniú príobháideach a dhúbailt ná a phlódú ná níor cheart an iomaíocht a shaobhadh sa mhargadh inmheánach. Go ginearálta, ba cheart breisluach Eorpach soiléir a bheith ag gníomhaíochtaí.

(42) Maidir le cur chun feidhme an Chláir, ba cheart go n-urramófaí leis na freagrachtaí atá ar na Ballstáit maidir lena mbeartas sláinte a shainiú agus seirbhísí sláinte agus cúram liachta a eagrú agus a sholáthar.

(43) I dtaca leis an gcuspóir maidir le daoine san Aontas a chosaint ar bhagairtí den sórt sin agus maidir le cosc agus ullmhacht ar ghéarchéimeanna a fheabhsú, ní féidir leis na Ballstáit an cuspóir sin a ghnóthú go leordhóthanach agus iad ag gníomhú ina n-aonar i bhfianaise chineál agus scála na mbagairtí trasteorann ar shláinte an duine. I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, is féidir gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais freisin chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát leibhéal ard cosanta don tsláinte phoiblí a bhaint amach, chun feabhas a chur ar infhaighteacht agus ar inacmhainneacht cógas, feistí leighis agus táirgí eile atá ábhartha i gcás géarchéime san Aontas, chun tacú leis an nuálaíocht agus chun tacú le hobair chomhtháite chomhordaithe agus dea-chleachtais a chur chun feidhme i measc na mBallstát, agus chun aghaidh thabhairt ar éagothromaíochtaí maidir le rochtain ar chúram sláinte ar fud an Aontais ar bhealach lena gcuirtear leis an éifeachtúlacht agus le tionchair bhreisluacha nach bhféadfadh a bhaint amach trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus inniúlacht agus freagracht na mBallstát sna réimsí sin atá cumhdaithe sa Chlár á n-urramú. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(44) Chun foráil a dhéanamh maidir coigeartuithe a d'fhéadfadh a bheith ann a mbeadh gá leo chun a chuspóirí a ghnóthú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na táscairí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a

athbhreithniú, a leasú agus chun cur leis na táscairí sin. Agus na cumhachtaí tarmligthe sin á bhfeidhmiú aige, tá sé tábhachtach, go háirithe, gur féidir leis an gCoimisiún dul i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016[26]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(45) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun rialacha a ghlacadh maidir leis na socruithe teicniúla agus riaracháin is gá chun gníomhaíochtaí an Chláir a chur chun feidhme agus maidir leis na teimpléid aonfhoirmeacha chun na sonraí is gá a bhailiú chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chláir. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27].

(46) Agus deireadh ag teacht leis an tríú Clár maidir le gníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte (2014-2020), a bunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 282/2014, rachaidh an Rialachán sin i seandacht agus ba cheart é a aisghairm.

(47) Is iomchuí trasdul réidh gan bhriseadh idir an clár a bhí ann roimhe sin i réimse na sláinte (2014-2020) agus an Clár a áirithiú, agus tréimhse an Chláir a ailíniú le Rialachán[28] (CAI nua). Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an gClár amhail ón 1 Eanáir 2021.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL I

# FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

***Ábhar***

Bunaítear leis an Rialachán seo an clár EU4Health ("an Clár").

Leagtar síos ann cuspóirí an Chláir, an buiséad le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027, foirmeacha cistiúcháin an Chláir ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar.

---

26 IO L 123, 12.5.2016, lch. 13.

27 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

28 ………..

*Airteagal 2*

***Sainmhínithe***

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "tír chomhlachaithe" tríú tír ar páirtí í i gcomhaontú leis an Aontas lena gceadaítear di páirt a ghlacadh sa Chlár i gcomhréir le hAirteagal 7;

(2) ciallaíonn "oibríocht mheasctha" gníomhaíocht dá dtugtar tacaíocht as buiséad an Aontais, lena n-áirítear laistigh de shaoráidí measctha de bhun Airteagal 2(6) de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 2018/1046, lena gcomhcheanglaítear foirmeacha neamh-iníoctha tacaíochta agus/nó ionstraimí airgeadais ó bhuiséad an Aontais d'fhoirmeacha iníoctha tacaíochta ó institiúidí forbartha nó ó institiúidí airgeadais poiblí eile, agus ó institiúidí airgeadais tráchtála agus infheisteoirí;

(3) ciallaíonn "géarchéim shláinte" aon ghéarchéim nó aon teagmhas tromchúiseach a eascraíonn ó bhagairt de bhunús daonna, ainmhíoch, plandaí, an bhia nó na timpeallachta, a mbaineann gné shláinte leis agus ar gá do na húdaráis beart a dhéanamh dá barr;

(4) ciallaíonn "táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime" táirgí agus substaintí a bhfuil gá leo, i gcomhthéacs géarchéime sláinte, chun galar agus na hiarmhairtí a bhaineann leis a chosc, a dhiagnóisiú nó a chóireáil, ina n-áirítear an méid seo, ach nach bhfuil teoranta dó: táirgí íocshláinte – lena n-áirítear vacsaíní – agus a n-idirmheánaigh, a gcomhábhair chógaisíochta ghníomhacha agus a n-amhábhair; feistí leighis; trealamh ospidéil agus leighis (amhail aerálaithe, éadaí agus trealamh cosanta, ábhair agus uirlisí diagnóiseacha); trealamh cosanta pearsanta; díghalráin agus a dtáirgí idirmheánacha agus amhábhair atá riachtanach lena dtáirgeadh);

(5) Ciallaíonn "an cur chuige Aon Sláinte Amháin" cur chuige ina n-aithnítear go bhfuil sláinte an duine agus sláinte ainmhithe nasctha le chéile, gur féidir galair a tharchur ó dhaoine go hainmhithe agus *vice versa* agus gur gá, dá bhrí sin, dul i ngleic leo i ndaoine agus in ainmhithe araon, agus gur nasc é an timpeallacht idir na daoine agus na hainmhithe;

(6) ciallaíonn "líonraí tagartha Eorpacha" na líonraí dá dtagraítear in Airteagal 12 de Threoir 2011/24;

(7) ciallaíonn "eintiteas dlíthiúil" aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bunaíodh mar eintiteas dlíthiúil agus a aithnítear mar eintiteas dlíthiúil faoin dlí náisiúnta, faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí idirnáisiúnta, a bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige agus a fhéadfaidh, ag gníomhú dó ina ainm féin, cearta a fheidhmiú agus a bheith faoi réir oibleagáidí, nó eintiteas nach bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige i gcomhréir le hAirteagal 197(2)(c) den Rialachán Airgeadais;

(8) ciallaíonn "tríú tír" tír nach bhfuil ina ball den Aontas Eorpach;

(9) ciallaíonn "bagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte" guais atá ina bagairt ar an mbeatha nó atá ina bagairt thromchúiseach ar bhealach eile ar an tsláinte ar de bhunús bitheolaíoch, ceimiceach nó na timpeallachta í nó nach eol a bunús a scaipeann thar theorainneacha náisiúnta na mBallstát nó a bhfuil baol mór ann go scaipfidh sé tharstu agus ar féidir gur gá comhordú a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go mbeidh ardleibhéal cosanta ann ó thaobh shláinte an duine de;

(10) ciallaíonn "tacaíocht éigeandála" freagairt éigeandála atá bunaithe ar riachtanais, freagairt atá ina comhlánú ar fhreagairt na mBallstát atá buailte agus atá dírithe ar an mbeatha a chaomhnú, ar fhulaingt an duine a chosc agus a mhaolú agus ar dhínit an duine a chaomhnú in aon chás ina mbeidh gá leis sin de thoradh bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte dá dtagraítear in Airteagal 3(1).

*Airteagal 3*

***Cuspóirí ginearálta***

Is iad na cuspóirí ginearálta seo a leanas a bheidh ag an gClár, i gcomhréir leis an gcur chuige "Aon Sláinte Amháin" i gcás inarb ábhartha:

(1) daoine san Aontas a chosaint ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte;

(2) infhaighteacht cógas, feistí leighis agus táirgí eile atá ábhartha i gcás géarchéim san Aontas a fheabhsú, cur lena n-inacmhainneacht agus tacú leis an nuálaíocht;

(3) córais sláinte agus an lucht saothair cúraim sláinte a dhaingniú, lena n-áirítear le claochlú digiteach agus le hobair mhéadaithe chomhtháthaithe idir na Ballstáit, le cur chun feidhme marthanach an dea-chleachtais agus na comhroinnte sonraí, chun leibhéal ginearálta na sláinte poiblí a ardú.

*Airteagal 4*

***Cuspóirí sonracha***

Déanfar na cuspóirí ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 3 a shaothrú trí na cuspóirí sonracha seo a leanas, i gcomhréir leis an gcur chuige "Aon Sláinte Amháin", i gcás inarb ábhartha:

(1) acmhainn an Aontais a neartú maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i leith bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus maidir le bainistíocht géarchéimeanna sláinte, lena n-áirítear trí acmhainn an chúraim sláinte éigeandála a chomhordú, a sholáthar agus a chur in úsáid, trí bhailiú sonraí agus trí fhaireachas;

(2) infhaighteacht cúlchistí nó stoc-charn de tháirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú san Aontas chomh maith le cúltaca oibrithe leighis, cúraim sláinte agus tacaíochta lena gcur i mbun oibre i gcás géarchéime;

(3) tacú le gníomhaíochtaí chun infhaighteacht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus soláthairtí riachtanacha sláinte eile a áirithiú;

(4) éifeachtacht, inrochtaineacht, inbhuanaitheacht agus athléimneacht córas sláinte a neartú, lena n-áirítear trí thacú le claochlú digiteach, glacadh uirlisí agus seirbhísí digiteacha, athchóirithe sistéamacha, cur chun feidhme samhlacha cúraim nua agus clúdach sláinte uilíoch, agus aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí i réimse na sláinte;

(5) tacú le gníomhaíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu acmhainn córas sláinte a neartú i dtaca le galar a chosc agus an tsláinte a chur chun cinn, cearta othar agus cúram sláinte trasteorann agus a fheabhas atá gairmithe leighis agus gairmithe cúraim sláinte a chur chun cinn;

(6) tacú le gníomhaíocht maidir le galair neamhtheagmhálacha, an ailse go háirithe, a chosc, a dhiagnóisiú, a chóireáil, faireachas a dhéanamh orthu agus cóir leighis a thabhairt ina leith;

(7) tacú le húsáid stuama éifeachtúil cógas, ábhair fhrithmhiocróbacha go háirithe, agus an úsáid sin a chothú, agus tacú le cógais agus feistí leighis a tháirgeadh agus a dhiúscairt ar bhealach níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus an táirgeadh agus diúscairt sin a chothú;

(8) tacú le forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht an Aontais maidir leis an tsláinte agus sonraí ardcháilíochta inchomparáide iontaofa a sholáthar chun bheith mar bhonn taca le ceapadh beartas agus faireachán, agus measúnuithe tionchair sláinte a dhéanamh ar bheartais ábhartha a chur chun cinn;

(9) tacú le hobair chomhtháite i measc na mBallstát, agus a gcórais sláinte go háirithe, lena n-áirítear cur chun feidhme cleachtas coisctheacha ardtionchair, agus cur le líonrú trí na líonraí tagartha Eorpacha nó líonraí trasnáisiúnta eile;

(10) tacú le ranníocaíocht an Aontais le tionscnaimh idirnáisiúnta agus dhomhanda maidir le sláinte.

*Airteagal 5*

***An buiséad***

1. Is é EUR 1 946 614 000, de réir praghsanna reatha, a bheidh san imchlúdach airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an chláir don tréimhse 2021-27.

2. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a úsáid le haghaidh cúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin chun an clár a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha.

3. Leithreasuithe a thagann as gníomhaíochtaí faoi phointe (c) d'Airteagal 10 den Rialachán seo, is éard a bheidh iontu ioncam sannta de réir bhrí phointe (a) de mhír 3 agus de mhír 5 d'Airteagal 21 de Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046.

4. Na gealltanais bhuiséadacha ar faide ná bliain airgeadais amháin iad, féadfar iad a mhiondealú ina dtráthchodanna bliantúla a íocfar thar thréimhse roinnt blianta.

5. Gan dochar don Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046, caiteachas le haghaidh gníomhaíochtaí a eascraíonn ó thionscadail a áirítear sa chéad chlár oibre féadfar é a bheith incháilithe amhail ón 1 Eanáir 2021.

6. Más gá, féadfar leithreasuithe a iontráil sa bhuiséad tar éis 2027 chun na costais dá bhforáiltear i mír (2) a chumhdach, ionas go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2027 a bhainistiú.

*Airteagal 6*

***Acmhainní ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh***

Na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh] cuirfear chun feidhme faoin gClár iad le méid suas go dtí EUR 8 451 000 000 de réir praghsanna reatha dá dtagraítear i bpointe (iii) d'Airteagal 3(2)(a) den Rialachán sin, faoi réir Airteagal 5(4) agus (8).

Is éard a bheidh sna méideanna sin ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046.

*Airteagal 7*

***Tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár***

Beidh an Clár oscailte do na tíortha comhlachaithe seo a leanas:

(1) Comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) ar comhaltaí den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) iad, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch;

(2) Tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir de chuid an Aontais arna mbunú sna comhaontuithe réime agus sna cinntí ó Chomhairlí Comhlachais lena mbaineann, nó i gcomhaontuithe eile den chineál céanna agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos sna comhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin;

(3) Tíortha a chuimsítear faoi Bheartas Comharsanachta na hEorpa, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir de chuid an Aontais arna mbunú sna comhaontuithe réime agus sna cinntí ó chomhairlí comhlachais lena mbaineann, nó i gcomhaontuithe eile den chineál céanna, agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos sna comhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin;

(4) Tríú tíortha, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gcomhaontú sonrach lena gcumhdaítear rannpháirtíocht an tríú tír in aon chlár, ar choinníoll:

   (i) go n-áirithítear leis an gcomhaontú cothromaíocht a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír atá rannpháirteach i gcláir an Aontais;

   (ii) go leagtar síos leis an gcomhaontú coinníollacha maidir le rannpháirtíocht sna cláir, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais le cláir aonair agus a gcostais riaracháin. Is éard a bheidh sna ranníocaíochtaí sin ioncam sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de Rialachán (AE, *Euratom* 2018/1046);

   (iii) nach dtugtar leis an gcomhaontú cumhacht chinnteoireachta don tríú tír;

   (iv) go ráthaítear leis an gcomhaontú cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint.

# Caibidil II

# CISTIÚ

*Airteagal 8*

***Cur chun feidhme agus foirmeacha cistiúcháin ón Aontas***

1. Is tríd an mbainistíocht dhíreach a chuirfear an Clár chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046 nó tríd an mbainistíocht indíreach leis na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 62(1) (c) de Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046.

2. Féadfar cistiú a sholáthar ón gClár, agus an cistiú sin in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos i Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046, go háirithe deontais, duaiseanna agus soláthar.

3. Féadfaidh ranníocaíochtaí le sásra árachais fhrithpháirtigh an riosca a bhaineann le gnóthú na gcistí atá dlite d'fhaighteoirí a chumhdach agus measfar gur ráthaíocht leordhóthanach iad faoi Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046. Leagfaidh an Coimisiún amach rialacha sonracha le haghaidh oibríocht an tsásra.

4. I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún oibríochtaí tacaíochta éigeandála chun feidhme trí eagraíochtaí neamhrialtasacha, measfar na critéir a bhaineann le cumas airgeadais agus oibríochtúil a bheith comhlíonta i gcás ina bhfuil creat-chomhaontú comhpháirtíochta i bhfeidhm idir an eagraíocht sin agus an Coimisiún de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1257/96.

*Airteagal 9*

***Deontais***

1. Dámhfar agus bainisteofar deontais faoin gClár i gcomhréir le Teideal VIII de Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046.

2. Féadfar deontais a úsáid i gcomhcheangal le maoiniú ón mBanc Eorpach Infheistíochta, ó bhainc náisiúnta le haghaidh spreagadh, ó institiúidí airgeadais forbartha agus poiblí eile, ó institiúidí airgeadais san earnáil phríobháideach agus ó infheisteoirí san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí.

*Airteagal 10*

***Soláthar***

1. Féadfar tacaíocht éigeandála faoin Rialachán seo a dheonú in aon cheann de na foirmeacha seo a leanas:

   (a) soláthar comhpháirteach leis na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 165(2) de Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046 trína bhféadfaidh na Ballstáit na hacmhainní arna soláthar go comhpháirteach a fháil, a fháil ar cíos, nó a fháil ar léas ina n-iomláine;

   (b) soláthar arna dhéanamh ag an gCoimisiún thar ceann na mBallstát de réir comhaontú idir an Coimisiún agus na Ballstáit;

   (c) soláthar arna dhéanamh ag an gCoimisiún mar mhórdhíoltóir trí sholáthairtí agus seirbhísí, lena n-áirítear cíosanna a cheannach, a stocáil agus a athdhíol nó a dheonú do na Ballstáit nó d'eagraíochtaí comhpháirtíochta arna roghnú ag an gCoimisiún.

2. I gcás nós imeachta soláthair dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1, is ceann den dá chomhlacht seo a leanas a chuirfidh i gcrích na conarthaí a leanfaidh as:

   (a) an Coimisiún, rud a fhágfaidh go soláthrófar nó go seachadfar na seirbhísí nó na hearraí do na Ballstáit nó d'eagraíochtaí comhpháirtíochta arna roghnú ag an gCoimisiún;

   (b) na Ballstáit rannpháirteacha, rud a fhágfaidh go bhfaighidh siad go díreach na hacmhainní a fuair an Coimisiún dóibh, nó go bhfaighidh siad ar cíos nó ar léas go díreach iad.

3. I gcás nósanna imeachta soláthair dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c) de mhír 1, leanfaidh an Coimisiún na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046 le haghaidh a sholáthair féin.

*Airteagal 11*

***Oibríochtaí measctha***

Cuirfear oibríochtaí measctha faoin gClár chun feidhme i gcomhréir le [rialachán InvestEU] agus le Teideal X den Rialachán Airgeadais.

*Airteagal 12*

***Cistiú carnach***

Gníomhaíocht a fuair ranníocaíocht faoin gClár féadfaidh sí ranníocaíocht a fháil freisin ó aon chlár eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear faoi bhainistíocht chomhroinnte, ar choinníoll nach gcumhdaíonn na ranníocaíochtaí na costais chéanna.

Beidh feidhm ag rialacha gach cláir de chuid an Aontais lena ndéantar ranníocaíocht maidir lena ranníocaíocht féin leis an ngníomhaíocht.

Ní bheidh an cistiú carnach níos airde ná na costais incháilithe iomlána a bhaineann leis an ngníomhaíocht agus féadfar an tacaíocht as na cláir éagsúla de chuid an Aontais a ríomh ar bhonn *pro rata* i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht.

# CAIBIDIL III

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ

*Airteagal 13*

***Gníomhaíochtaí incháilithe***

Ní bheidh ach gníomhaíochtaí lena gcuirtear na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 chun feidhme incháilithe chun cistiú a fháil, lena n-áirítear iad siúd a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 14*

***Eintitis incháilithe***

1. Anuas ar na critéir a leagtar amach in Airteagal 197 de Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046, beidh feidhm ag na critéir seo a leanas:

   (a) eintitis dhlíthiúla atá bunaithe in aon cheann de na tíortha seo a leanas:

      (i) Ballstát nó tír nó críoch thar lear atá bainteach leis an mBallstát sin;

      (ii) tríú tír atá comhlachaithe leis an gClár;

      (iii) tríú tír a liostaítear sa chlár oibre faoi na coinníollacha a shonraítear i míreanna 2 agus 3;

   (b) aon eintiteas dlíthiúil a bunaíodh faoi dhlí an Aontais nó aon eagraíocht idirnáisiúnta;

2. Go heisceachtúil, eintitis dhlíthiúla atá bunaithe i dtríú tír nach tír chomhlachaithe í, tá siad incháilithe chun páirt a ghlacadh sa Chlár i gcás ina bhfuil sin riachtanach chun cuspóirí gníomhaíochta ar leith a ghnóthú.

3. I bprionsabal, eintitis dhlíthiúla atá bunaithe i dtríú tír nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár ba cheart dóibh costais a rannpháirtíochta a thabhú.

4. Níl daoine nádúrtha incháilithe.

5. Faoin gClár, féadfar deontais dhíreacha a dhámhachtain gan glao ar thograí, chun gníomhaíochtaí a chistiú a bhfuil breisluach soiléir acu don Aontas agus atá cómhaoinithe ag na húdaráis inniúla atá freagrach as gnóthaí sláinte sna Ballstáit nó sna tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár, ag eagraíochtaí idirnáisiúnta sláinte nó ag comhlachtaí den earnáil phoiblí agus ag comhlachtaí neamhrialtasacha, ag gníomhú dóibh ina n-aonar nó mar líonra, agus sainordú acu ó na húdaráis sin.

6. Faoin gClár, féadfar deontais dhíreacha a dhámhachtain gan glao ar thograí do líonraí tagartha Eorpacha. Féadfar deontais dhíreacha a dhámhachtain freisin do líonraí trasnáisiúnta eile a leagtar amach i gcomhréir le rialacha an Aontais.

7. Faoin gClár, féadfar deontais dhíreacha a dhámhachtain gan glao ar thograí chun feidhmiú comhlachtaí neamhrialtasacha a chistiú i gcás ina bhfuil gá le tacaíocht airgeadais chun ceann amháin nó níos mó de chuspóirí sonracha an Chláir a shaothrú, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh na comhlachtaí sin na critéir seo a leanas:

   (i) is comhlachtaí iad atá neamhrialtasach, neamhbhrabúsach agus neamhspleách ar leasanna tionsclaíochta, tráchtála agus gnó nó ar leasanna contrártha eile;

   (ii) is comhlachtaí iad a oibríonn i réimse na sláinte poiblí, tá cuspóir sonrach amháin ar a laghad den Chlár á shaothrú acu agus tá ról éifeachtach á imirt acu ar leibhéal an Aontais;

   (iii) tá siad gníomhach ar leibhéal an Aontais agus i leath na mBallstát ar a laghad, agus tá cumhdach geografach cothromúil ar an Aontas acu.

*Airteagal 15*

***Costais incháilithe***

1. Anuas ar na critéir a leagtar amach in Airteagal 186 de Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046, agus i gcomhréir le pointe (a) den dara fomhír d’Airteagal 193 den Rialachán sin, na costais sin a thabhófar roimh an dáta faoina gcuirfear iarratas ar dheontas isteach, féadfar a mheas gur costais incháilithe iad:

   (a) maidir le gníomhaíochtaí lena gcuirfear chun feidhme an cuspóir dá dtagraítear i bpointe (1) d’Airteagal 3;

   (b) maidir le gníomhaíochtaí lena gcuirfear chun feidhme cuspóirí eile, i gcásanna eisceachtúla cuí-réasúnaithe, ar choinníoll go bhfuil na costais sin nasctha go díreach le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí dá dtugtar tacaíocht.

2. Na costais faoi phointe (a) de mhír 1 den Airteagal seo, costais a bhaineann le bearta atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar ghalar a mheastar a bheith ann a d’fhéadfadh a bheith ina bhunsiocair le bagairt trasteorann thromchúiseach ar an tsláinte, beidh siad incháilithe ón dáta a thabharfar fógra don Choimisiún go meastar an galar a bheith ann, ar choinníoll go ndearbhaítear ina dhiaidh sin an galar a bheith ann.

3. I gcásanna eisceachtúla, le linn géarchéim arb í is cúis léi bagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte mar a shainmhínítear in Airteagal 3(g) de Chinneadh 1082/2013/AE, féadfar a mheas, ar bhonn eisceachtúil, go bhfuil costais a thabhóidh eintitis atá bunaithe i dtíortha neamhchomhlachaithe incháilithe, má

thabhaítear iad chun cosc a chur ar leathadh an riosca ar mhaithe le sláinte shaoránaigh an Aontais a chosaint.

# CAIBIDIL IV

# RIALACHAS

*Airteagal 16*

***Cur chun feidhme beartais comhpháirteach***

Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le húdaráis sláinte na mBallstát laistigh den Ghrúpa Stiúrtha um Chur Chun Cinn na Sláinte, Cosc Galar agus Bainistiú Galar Neamhtheagmhálach i dtaobh na bpleananna oibre arna mbunú don Chlár agus i dtaobh a thosaíochtaí agus a threonna straitéiseacha agus a chur chun feidhme.

*Airteagal 17*

***Cur chun feidhme an Chláir***

Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a leagan síos maidir leis na nithe a leanas:

(a) na socruithe teicniúla agus riaracháin is gá chun gníomhaíochtaí an Chláir a chur chun feidhme;

(b) teimpléid aonfhoirmeacha lena mbailítear na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chláir.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 23(2).

# CAIBIDIL V

# CLÁREAGRÚ, FAIREACHÁN, MEASTÓIREACHT AGUS RIALÚ

*Airteagal 18*

***Clár oibre***

Is leis na cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046 a chuirfear an Clár chun feidhme. Leagfar amach leis na cláir oibre, i gcás inarb infheidhme, an méid foriomlán arna chur i leataobh le haghaidh oibríochtaí measctha.

*Airteagal 19*

***Faireachán agus tuairisciú***

1. Is in Iarscríbhinn II a leagtar amach na táscairí a úsáidfear le tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag an gClár maidir le gnóthú na gcuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagail 3 agus 4.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24 maidir le leasuithe ar Iarscríbhinn II chun na táscairí a leasú nó a fhorlíonadh i gcás ina measfar gá a bheith leis sin.

3. Leis an gcóras tuairiscithe feidhmíochta áiritheofar go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir, go mbaileofar iad ar bhealach atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil. Chuige sin, forchuirfear ceanglais chomhréireacha tuairiscithe ar fhaighteoirí cistí ón Aontas agus, i gcás inarb ábhartha, ar na Ballstáit.

*Airteagal 20*

***Meastóireacht***

1. Déanfar meastóireachtaí go tráthúil ionas go bhféadfar leas a bhaint astu sa phróiseas cinnteoireachta.

2. Déanfar meastóireacht eatramhach ar an gClár nuair a bheidh faisnéis leordhóthanach ar fáil maidir le cur chun feidhme an Chláir, ach tráth nach faide ná ceithre bliana ó thosach chur chun feidhme an Chláir.

3. Ag deireadh na tréimhse cur chun feidhme, ach tráth nach déanaí ná ceithre bliana tar éis dheireadh na tréimhse a shonraítear in Airteagal 1, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht deiridh ar an gClár.

4. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na meastóireachtaí chomh maith lena bharúlacha féin in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún.

*Airteagal 21*

***Iniúchtaí***

Is éard a bheidh ina bhonn leis an gcinnteacht fhoriomlán de bhun Airteagal 127 de Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046, iniúchtaí ar an úsáid a bhain daoine nó eintitis, lena n-áirítear daoine nó eintitis nár thug Institiúidí nó comhlachtaí de chuid an Aontais sainordú dóibh.

*Airteagal 22*

***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint***

I gcás ina mbeidh tríú tír rannpháirteach sa Chlár de thoradh cinneadh faoi chomhaontú idirnáisiúnta, tabharfaidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá don oifigeach údarúcháin atá freagrach, don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa chun go bhféadfaidh gach ceann dóibh a n-inniúlachtaí a fheidhmiú go cuimsitheach. I gcás OLAF, áireofar ar na cearta sin an ceart chun imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus imscrúduithe ar an láthair, dá bhforáiltear i Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 883/2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF).

*Airteagal 23*

***Nós imeachta coiste***

1. Tabharfaidh Coiste Chlár EU4Health cúnamh don Choimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 24*

***An tarmligean a fheidhmiú***

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 19(2) a thabhairt don Choimisiún go dtí an 31 Nollaig 2028.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 19(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 19(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

# CAIBIDIL VI

# FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 24*

***Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht***

1. Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas aitheantas d'fhoinse an chistithe ón Aontas agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe (go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á bpoibliú) trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.

2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gClár, agus a bhaineann le gníomhaíochtaí agus torthaí an Chláir. Leis na hacmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar an gClár, rannchuideofar le

cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais freisin, a fhad a bhaineann siad sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4.

*Airteagal 25*

***Aisghairm***

Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 le héifeacht ón 1 Eanáir 2021, gan dochar d'Airteagal 26 den Rialachán seo.

*Airteagal 26*

***Forálacha idirthréimhseacha***

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúnachas ná do mhodhnú na ngníomhaíochtaí lena mbaineann, go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu, faoi Rialachán (AE) Uimh. 282/2014, a mbeidh feidhm aige fós maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu.

2. Ina theannta sin, na costais theicniúla agus riaracháin is gá chun an t-aistriú a áirithiú idir an Clár agus na bearta a glacadh faoi réamhtheachtaí an Chláir, an tríú Clár do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte (2014-2020), feadfar iad na costais sin a chumhdach le himchlúdach airgeadais an Chláir.

*Airteagal 27*

***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021. Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.1. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

3.2.2. *An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

3.2.3. *An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Clár EU4Health |

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

| |
|---|
| Ceannteideal 5: Athléimneacht, Slándáil agus Cosaint |

### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[29]

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☑ Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

#### *1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

D'fhéachfadh Clár EU4Health le rannchuidiú leis na príomhchuspóirí straitéiseacha seo a leanas, i gcomhréir le cur chuige"an Aon Sláinte Amháin" i gcás inarb iomchuí:

a) daoine san Aontas a chosaint ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte

b) feabhas a chur ar infhaighteacht cógas, feistí leighis agus táirgí eile san Aontas atá ábhartha ó thaobh na géarchéime de, rannchuidiú lena n-inacmhainneacht, agus tacú le nuálaíocht;

c) córais cúraim sláinte agus an lucht saothair cúraim sláinte a neartú, lena n-áirítear trí chlaochlú digiteach agus trí obair chomhtháite chomhordaithe mhéadaithe idir na Ballstáit, cur chun feidhme marthanach ar an dea-chleachtais agus ar chomhroinnt sonraí, chun leibhéal ginearálta na sláinte poiblí a ardú.

#### *1.4.2. Cuspóirí sonracha*

<u>Cuspóir sonrach Uimh. 1:</u>

Acmhainn an Aontais chun bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte a chosc, chun ullmhú dóibh agus chun bainistíocht a dhéanamh orthu, an acmhainn sin a neartú, lena n-áirítear trí acmhainní cúraim sláinte éigeandála, bailiú sonraí agus faireachas a chomhordú, a sholáthar agus a chur in úsáid;

<u>Cuspóir sonrach Uimh. 2:</u>

Infhaighteacht taiscí nó stoc-chairn táirgí san Aontas atá ábhartha don ghéarchéim a áirithiú, agus cúltaca de bhaill foirne leighis, cúraim sláinte agus tacaíochta a bheidh le slógadh i gcás géarchéime;

[29] Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Cuspóir sonrach Uimh. 3:

Tacú le gníomhaíochtaí chun infhaighteacht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht iomchuí táirgí atá ábhartha ó thaobh na géarchéime agus soláthairtí sláinte eile is gá a áirithiú;

Cuspóir sonrach Uimh. 4:

Éifeachtacht, inrochtaineacht, inbhuanaitheacht agus athléimneacht córas sláinte a neartú, lena n-áirítear trí thacú le claochlú digiteach, úsáid uirlisí agus seirbhísí digiteacha, athchóirithe sistéamacha, cur chun feidhme samhlacha cúraim nua agus clúdach sláinte uilíoch, agus aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí i gcúrsaí sláinte;

Cuspóir sonrach Uimh. 5:

Tacú le gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh cumas córas sláinte a neartú maidir le galar a chosc agus an tsláinte a chur chun cinn, cearta othar agus cúram sláinte trasteorann agus barr feabhais i ngairmithe leighis agus cúraim sláinte a chur chun cinn;

Cuspóir sonrach Uimh. 6:

Tacú le faireachas, cosc, diagnóisiú agus cóireáil ar ghalair neamhtheagmhálacha agus le cúram a dhéanamh díobh, agus an ailse, go háirithe, ina measc sin;

Cuspóir sonrach Uimh. 7:

Úsáid stuama éifeachtúil cógas, agus úsáid ábhar frithmhiocróbach go háirithe, agus táirgeadh agus diúscairt cógas agus feistí leighis atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol;

Cuspóir sonrach Uimh. 8:

Tacú le forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht sláinte an Aontais agus sonraí ardcháilíochta inchomparáide iontaofa a sholáthar chun tacú le ceapadh beartais agus faireachán, agus chun úsáid measúnuithe tionchair sláinte ar bheartais ábhartha a chur chun cinn;

Cuspóir sonrach Uimh. 9:

Tacú le hobair chomhtháite i measc na mBallstát, agus a gcórais sláinte go háirithe, lena n-áirítear cur chun feidhme cleachtas coiscteacha ardtionchair, agus cur le líonrú tríd na líonraí tagartha Eorpacha nó líonraí trasnáisiúnta eile;

Cuspóir sonrach Uimh. 10:

| |
|---|
| Tacú le rannchuidiú an Aontais le tionscnaimh sláinte idirnáisiúnta agus domhanda. |

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Cuspóir sonrach Uimh. 1:

Acmhainn an Aontais chun bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte a chosc, chun ullmhú dóibh agus chun bainistíocht a dhéanamh orthu, an acmhainn sin a neartú, lena n-áirítear trí acmhainní cúraim sláinte éigeandála, bailiú sonraí agus faireachas a chomhordú, a sholáthar agus a chur in úsáid

An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann:

Acmhainní freagartha éigeandála, cosc, luathbhraith, freagairt, pleanáil agus ullmhacht níos fearr sna Ballstáit uile.

Comhlíontacht iomlán le Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta á tuairisciú ag na Ballstáit uile, trí bhíthin tuairisciú bliantúil chuig EDS.

Cuspóir sonrach Uimh. 2:

Infhaighteacht taiscí nó stoc-chairn táirgí san Aontas atá ábhartha don ghéarchéim a áirithiú, agus cúltaca de bhaill foirne leighis, cúraim sláinte agus tacaíochta a bheidh le slógadh i gcás géarchéime.

An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann:

Acmhainní bainistithe géarchéime níos fearr agus frithbhearta agus soláthairtí leighis a bheith ar fáil, chomh maith le hacmhainní cóireála a bheidh le húsáid le linn ráigeanna agus géarchéimeanna galair.

Rochtain níos fearr ar chógais agus ar chórais sláinte d’othair an Aontais i dtéarmaí cáilíochta, cainníochta, inacmhainneacht praghsanna agus neamhdhíobháil don chomhshaol.

Soláthar cógas inacmhainne a áirithiú agus ganntanais ar fud an Aontais a laghdú, trialacha cliniciúla a éascú agus cógais agus vacsaíní sábháilte éifeachtúla a áirithiú.

Cuspóir sonrach Uimh. 3:

Tacú le gníomhaíochtaí chun infhaighteacht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht iomchuí táirgí atá ábhartha ó thaobh na géarchéime agus soláthairtí sláinte eile is gá a áirithiú.

An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann:

Úsáid optamach a bhaint as acmhainní cúraim sláinte le linn géarchéimeanna sláinte, lena seachnófar míchothromaíochtaí geografacha/réigiúnacha, lena gcuirfear feabhas ar athléimneacht na tairisceana iomláine maidir le cúram sláinte agus ar acmhainn an chórais buaic-éilimh tobanna ar chúram sláinte le linn géarchéimeanna sláinte a sheasamh.

Cuspóir sonrach Uimh. 4:

Éifeachtacht, inrochtaineacht, inbhuanaitheacht agus athléimneacht córas sláinte a neartú, lena n-áirítear trí thacú le claochlú digiteach, úsáid uirlisí agus seirbhísí

digiteacha, athchóirithe sistéamacha, cur chun feidhme samhlacha cúraim nua agus clúdach sláinte uilíoch, agus aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí i gcúrsaí sláinte.

An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann:

Córais cúraim sláinte éifeachtúla inrochtana inbhuanaithe athléimneacha, éagothromaíochtaí sláinte laghdaithe laistigh idir na Ballstáit agus laistigh díobh.

Eolas níos fearr, scileanna feabhsaithe agus tacaíocht do chliniceoirí trí úsáid a bhaint as uirlisí ríomhaire-bhunaithe, an intleacht shaorga agus anailís níos éifeachtúla ar shonraí. An úsáid a bhaintear as an teileashláinte a mhéadú sna Ballstáit.

Cuspóir sonrach Uimh. 5:

Tacú le gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh cumas córas sláinte a neartú maidir le galar a chosc agus an tsláinte a chur chun cinn, cearta othar agus cúram sláinte trasteorann agus barr feabhais i ngairmithe leighis agus cúraim sláinte a chur chun cinn.

An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann:

Tacú le Ballstáit ag a bhfuil eolas inaistrithe a bheadh úsáideadh do na próisis athchóiriúcháin náisiúnta, ar mhaithe le córais sláinte níos éifeachtaí, níos inrochtana agus níos athléimní agus ar mhaithe leis an tsláinte a chur chun cinn ar dhóigh níos fearr agus galair a chosc, dá bhrí sin, na blianta ina bhfuil daoine ina sláinte a mhéadú.

Cuspóir sonrach Uimh. 6:

Tacú le faireachas, cosc, diagnóisiú agus cóireáil ar ghalair neamhtheagmhálacha agus le cúram a dhéanamh díobh, agus an ailse, go háirithe, ina measc sin.

An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Leis na gníomhaíochtaí cabhrófar le baint amach na spriocanna a leag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte síos maidir le galair neamhtheagmhálacha, na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), an Creat-Choinbhinsiún maidir le Rialú Tobac agus a Phrótacal maidir le Trádáil Aindleathach i dTáirgí Tobac agus na moltaí i bplean ailse an Aontais amach anseo.

Cuspóir sonrach Uimh. 7:

Tacú le húsáid stuama éifeachtúil cógas agus an úsáid sin a chothú, ábhair fhrithmhiocróbacha go háirithe, agus cógais agus feistí leighis a thairgeadh agus a dhiúscairt ar bhealach níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol.

An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Úsáid níos stuama ábhar frithmhiocróbacha trí chur chuige Aon Sláinte Amháin trí bhunachair sonraí an Aontais a fhorbairt trí úsáid teicneolaíochtaí nua-aimseartha chun oideas a fheabhsú i dtaca le hábhair fhrithmhiocróbacha a threorú.

Feasacht agus tuiscint níos fearr ar ualach na frithsheasmhachta in aghaidh ábhar frithmhiocróbach (AMR) ar chórais cúraim sláinte agus ar an tsochaí i gcoitinne, as a dtiocfaidh bearta beartais níos spriocdhírithe agus níos nuálaí.

Rannchuidiú le treoirlínte atá ann cheana a chur chun feidhme ar mhaithe le fáthmheas níos fearr agus le leibhéal laghdaitheach frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha.

An lorg comhshaoil a laghdú.

Cuspóir sonrach Uimh. 8:

Tacú le forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht sláinte an Aontais agus sonraí ardcháilíochta inchomparáide iontaofa a sholáthar chun tacú le ceapadh beartais agus faireachán, agus chun úsáid measúnuithe tionchair sláinte ar bheartais ábhartha a chur chun cinn.

An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Cuideoidh an cuspóir sin leis na Ballstáit beatha shláintiúil a áirithiú agus an fholláine a chur chun cinn do chách agus ag gach aois (SDG 3).

Cearta othar a bheith curtha san áireamh go hiomlán i gcur chun feidhme na reachtaíochta maidir leis an gcúram sláinte trasteorann. Optamú agus feabhas féideartha ar an gcreat maidir le substaintí de bhunús daonna.

Feabhas ar chur chun feidhme reachtaíocht an Aontais i réimse na sláinte agus na dtáirgí a bhaineann leis an tsláinte (táirgí íocshláinte, feistí leighis etc.).

Cuspóir sonrach Uimh. 9:

Tacú le hobair chomhtháite i measc na mBallstát agus lena gcórais sláinte go háirithe, lena n-áirítear cleachtais coisctheacha ardtionchair a chur chun feidhme, agus líonrú a mhéadú trí bhíthin na líonraí tagartha Eorpacha (ERN) agus líonraí trasnáisiúnta eile.

An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann:

An líon othar atá le diagnóisiú agus le cóireáil ag Líonraí Tagartha Eorpacha (ERN) a mhéadú.

Torthaí níos fearr ar chóireálacha agus ar eolas ar ghalair neamhchoitianta.

Méadú ar an líon measúnuithe cliniciúla a dhéanann comhlachtaí um Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte.

Méadú ar mhalartú dea-chleachtas idir na Ballstáit.

Cuspóir sonrach Uimh. 10:

Tacú le rannchuidiú an Aontais le tionscnaimh sláinte idirnáisiúnta agus domhanda.

An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann:

Ról an Aontais agus na mBallstát maidir le sláinte dhomhanda a neartú i gcomhar le heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta agus iltaobhacha amhail na Náisiúin Aontaithe

agus a sainghníomhaireachtaí, EDS go háirithe, agus cuidiú leis na Ballstáit a spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach (SDGanna).

*1.4.4. Táscairí lena léirítear torthaí agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.*

Cuspóirí ginearálta:

I. Daoine san Aontas a chosaint ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte.

*Táscaire 1:* Cáilíocht agus iomláine phleanála ullmhachta an Aontais agus na mBallstát do bhagairtí tromchúiseacha trasteorann agus a bhfreagartha orthu.

II. Feabhas a chur ar infhaighteacht cógas, feistí leighis agus táirgí eile san Aontas atá ábhartha ó thaobh na géarchéime de, rannchuidiú lena n-inacmhainneacht, agus tacú le nuálaíocht.

*Táscaire 2:* Rochtain ar chógais atá údaraithe go lárnach, e.g. an líon údaruithe dílleachta, Táirgí Íocshláinte Ard-Teiripe, Táirgí Íocshláinte Péidiatraiceacha nó vacsaíní, le haghaidh riachtanais nach bhfuil comhlíonta.

III. Córais sláinte agus an lucht saothair cúraim sláinte a dhaingniú, lena n-áirítear le claochlú digiteach agus le hobair mhéadaithe chomhtháthaithe idir na Ballstáit, le cur chun feidhme marthanach an dea-chleachtais agus na comhroinnte sonraí, chun leibhéal ginearálta na sláinte poiblí a ardú.

*Táscaire 3:* An líon gníomhaíochtaí agus dea-chleachtas lena rannchuidítear go díreach le SDG 3.4/Ballstát.

*Táscaire 4:* Cur chun feidhme dea-chleachtas idir na Ballstáit.

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Léigh géarchéim COVID-19 atá ann faoi láthair nach mór tosaíocht níos airde a thabhairt do chúrsaí sláinte sa chreat airgeadais amach anseo. Léireoidh an Clár na ceachtanna a foghlaimíodh ón ngéarchéim, agus cuirfear tacaíocht ar fáil leis do na dúshláin atá amach romhainn.

Is léir ón taithí a fuarthas ón ngéarchéim nach mór don Aontas níos mó a dhéanamh ionas go mbeidh córais sláinte réidh le seirbhísí, cógais agus táirgí leighis agus teicneolaíochtaí (feistí leighis agus substaintí de bhunús daonna) úrscothacha a chur ar fáil agus ullmhaithe chun dul i ngleic le heipidéimí agus bagairtí sláinte eile nárbh fhéidir a thuar. Léiríodh chomh maith go bhfuil na dúshláin struchtúracha a bhí ann roimh an ngéarchéim i dtéarmaí éifeachtacht, inrochtaineacht agus athléimneacht córas sláinte tar éis dul in olcas mar gheall ar an ngéarchéim agus go bhfuil an gá le haghaidh a thabhairt orthu, trí chlaochlú fadtéarmach agus trí infheistíochtaí, níos tábhachtaí fós.

Léirigh sí an gá atá le córas a sheasfaidh slán i bhfad na haimsire agus a sheasfaidh géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo chun rochtain thráthúil ar chógais shábháilte, éifeachtúla ar ardchaighdeán a áirithiú i ngach cás agus chun aghaidh a

thabhairt ar ghanntanais agus ar spleáchas ar allmhairithe cógas leighis agus comhábhar gníomhach cógaisíochta mar thoradh ar mhonarú lasmuigh den Aontas. Ina theannta sin, tá gá le comhar agus comhordú idir údaráis rialála i gcás bagairtí sláinte atá ag teacht chun cinn.

Leis an taithí a fuarthas ón ngéarchéim, léiríodh freisin gur gá díriú ar dhaonra sláintiúil ar an gcéad dul síos. Dá bhrí sin, ní mór gníomhaíochtaí dea-shláinte a chur chun cinn agus galair a chosc a bheith ina ndlúthchuid d'fheidhmiú na gcóras sláinte. Tá cosc i bhfad níos éifeachtaí ó thaobh costais de ná cúram, go háirithe i ndaonra atá ag dul in aois.

Ba cheart go rannchuideofaí leis an gClár freisin leis an straitéis téarnaimh trí thacú le hathléimneacht fhadtéarmach na gcóras sláinte ar fud na hEorpa chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin struchtúracha amhail an daonra a bheith ag dul in aois, an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir an nuálaíocht is gá agus costas na dteicneolaíochtaí nua agus cóireálacha nua, cineál athraitheach sholáthar an chúraim, na bacainní ar chumhdach sláinte uilíoch, cineálacha cur chuige ilearnála chun beartais a fhorbairt lena rannchuidítear le folláine agus sláinte an phobail.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn "breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE" an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex ante):

Le paindéim COVID atá ann faoi láthair léirítear an tábhacht a bhaineann le hullmhacht agus cumas na mBallstát freagairt go tapa d'éigeandálaí sláinte lena n-éilítear gníomhú thar teorainn.

An breisluach Eorpach a mheastar a ghinfear (ex post):

Creat láidir, fónta ó thaobh an dlí de agus inniúil ó thaobh an airgeadais de, le haghaidh fhreagairt agus ullmhacht an Aontais i gcomhair géarchéimeanna, a bheidh in ann dul i ngleic le bagairtí sláinte trasteorann, lena n-áirítear iad siúd ó thíortha lasmuigh den Aontas, áit ar féidir le hidirghabháil an Aontais luach inláimhsithe a chur ar fáil. Ba cheart an ghníomhaíocht shóisialta agus eacnamaíoch san Aontas a áirithiú i gcónaí. Má chuirtear feabhas ar chórais sláinte sna Ballstáit, beidh tionchar dearfach aige sin ar an tsláinte fhoriomlán agus ar éagothromaíochtaí sláinte, agus laghdófar an brú ar na buiséid náisiúnta freisin.

Ó thaobh téarnamh iar-ghéarchéime de, cuideoidh an Clár go mór lena áirithiú go mbeidh an tAontas níos ullmhaithe chun dul i ngleic le bagairtí sláinte amach anseo a mbeidh tionchar acu ar an iomlán nó ar chodanna móra dá chríoch.

Leis an gclár, tacófar leis na Ballstáit sprioc sláinte SDG a bhaint amach lena fhospriocanna, ionas go mbeidh beartais inmheánacha sláinte i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta. Cuid thábhachtach den obair sin is ea an obair maidir le tosca sláinte, galair a chosc agus an tsláinte a chur chun cinn agus is í an infheistíocht is costéifeachtaí i réimse na sláinte.

Tógfaidh Clár EU4Health ar obair leanúnach, amhail na líonraí tagartha Eorpacha maidir le galair neamhchoitianta agus maidir le hullmhacht agus bainistiú i leith

géarchéimeanna, chun mais chriticiúil leordhóthanach agus barainneacht scála a áirithiú.

Leis an gClár EU4Health, tacófar le cur chun feidhme agus forbairt reachtaíocht Sláinte faoi Airteagail 114 agus 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), chun bearta a leagan síos chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus chun ardchaighdeáin cáilíochta agus sábháilteachta táirgí íocshláinte agus leighis a áirithiú, agus chun tacú le gníomhaíochtaí Bhallstáit an Aontais Eorpaigh chun sláinte an duine a chosaint agus a fheabhsú nó chun na gníomhaíochtaí sin a chomhordú nó a fhorlíonadh.

*1.5.3. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

Oibreoidh an clár EU4Health i sineirgíocht agus i gcomhlántacht le beartais, cláir agus cistí eile an Aontais amhail gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme faoin gClár don Eoraip Dhigiteach, Fís Eorpach, cúlchiste rescEU faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála, Ciste Sóisialta na hEorpa + (CSE+, lena n-áirítear maidir le sineirgí i dtaca le sláinte agus sábháilteacht na milliún oibrithe a chosaint san Aontas), lena n-áirítear an Clár um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI), ciste InvestEU, Clár an Mhargaidh Aonair, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta lena n-áirítear an Uirlis Athchóiriúcháin, Erasmus, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, Tacaíocht chun rioscaí dífhostaíochta le linn éigeandálaí a mhaolú (SURE), agus ionstraimí eile de chuid an Aontais le haghaidh bearta seachtracha, amhail an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta agus an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais III. I gcás inarb iomchuí, bunófar comhrialacha d'fhonn comhsheasmhacht agus comhlántacht idir cistí a áirithiú agus san am céanna, deimhin a dhéanamh de go ndéanfar sainiúlachtaí na mbeartas sin a urramú, agus d'fhonn riachtanais straitéiseacha na mbeart, na gclár agus na gcistí sin a ailíniú, amhail na coinníollacha cumasúcháin faoi CFRE agus CSE+.

## 1.6. Fad agus tionchar airgeadais

☑ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse theoranta**

– ☑i bhfeidhm ón 1/1/2021 go dtí an 31/12/2027

– ☑ Tionchar airgeadais ó 2021 go 2027 maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó 2021 go 2030 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[30]

☑ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☑ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☑ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☑ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☑ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☑ comhlachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Nótaí

| |
|---|
| Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh cuid de chur chun feidhme chlár EU4Health a tharmligean chuig gníomhaireacht feidhmiúcháin.<br><br>Thairis sin, féadfaidh sé cúraimí a chur ar a Ghníomhaireachtaí díláraithe (EMA, ECDC, EFSA, ECHA) arb é is aidhm dóibh na cuspóirí a ghnóthú faoin gClár EU4Health 2021-2027. |

30 Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

| |
|---|
| Bainistíocht indíreach i gcomhar le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta:<br>Chun Clár EU4Health 2021-2027 a chur chun feidhme, leanfar leis an gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta amhail gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe, go háirithe an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, Comhairle na hEorpa, an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, nó le haon Eagraíochtaí Idirnáisiúnta ábhartha eile, nó déanfar an comhar sin a leathnú nó a shaothrú, mar shampla trí ranníocaíochtaí measúnaithe a íoc le FCTC/Prótacal Trádála Fllicit, etc. |

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo*

Forbrófar creata feidhmíochta agus iad bunaithe ar na cleachtais ábhartha a bhí ag an gclár Sláinte a bhí ann roimhe 2014-2020 chun a áirithiú go mbaileofar sonraí ar dhóigh éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Déanfar clár EU4Health a chur chun feidhme le bainistíocht dhíreach agus indíreach, ag úsáid na modhanna cur chun feidhme a chuirtear ar fáil leis an Rialachán Airgeadais, deontais agus soláthar go príomha. A bhuí le bainistiú díreach is féidir comhaontuithe/conarthaí deontais a dhéanamh le tairbhithe/conraitheoirí atá ag gabháil go díreach do ghníomhaíochtaí a fhónann do bheartais an Aontais. Áirithíonn an Coimisiún go ndéantar faireachán díreach ar thoradh na ngníomhaíochtaí arna maoiniú. Cuirfear socruithe íocaíochtaí na ngníomhaíochtaí arna maoiniú in oiriúint do na rioscaí a bhaineann leis na hidirbhearta airgeadais.

Chun éifeachtacht, éifeachtúlacht agus barainneacht rialuithe an Choimisiúin a áirithiú, beidh an cothromaíocht sa straitéis rialála idir seiceálacha ex ante agus ex post agus díreoidh sí ar thrí chéim thábhachtacha de chur chun feidhme na ndeontas, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais:

– Tograí/tairiscintí a roghnú a oireann do chuspóirí beartais an Chláir;

– Rialuithe oibríochtúla, faireacháin agus ex ante a chumhdaíonn cur chun feidhme na dtionscadal, soláthar poiblí, réamh-mhaoiniú, íocaíochtaí eatramhacha agus deiridh, bainistiú ráthaíochtaí;

– Déanfar rialuithe ex-post ag suíomhanna na dtairbhithe/na gconraitheoirí ar shampla d’idirbhearta freisin. Úsáidfear le chéile measúnú riosca agus roghnú randamach chun na hidirbhearta sin a roghnú.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

I dtaca le Clár EU4Health a chur chun feidhme, cuirtear béim ar shannadh conarthaí soláthair phoiblí chomh maith le roinnt deontas do ghníomhaíochtaí agus eagraíochtaí sonracha.

Is le nithe dá leithéidí seo go príomha a bhainfidh na conarthaí soláthair phoiblí: soláthar cógas, vacsaíní, cóir leighis fhéideartha nua, suirbhéanna, staidéir, bailiú sonraí, cleachtaí tagarmharcanna, gníomhaíochtaí faireacháin agus measúnaithe, feachtais faisnéise, seirbhísí TF agus cumarsáide, etc. Comhlachtaí comhairleachta go príomha atá sna conraitheoirí chomh maith le cuideachtaí príobháideacha eile; féadfaidh institiúidí agus saotharlanna a bheith ina bpríomhchonraitheoirí chomh maith.

Bunús na ndeontais, is ar ghníomhaíochtaí tacaíochta d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, údaráis inniúla na mBallstát, líonraí tagartha Eorpacha,

eagraíochtaí sláinte, gníomhaireachtaí náisiúnta, etc. Go hiondúil, tréimhse idir aon bhliain amháin agus trí bliana a bhíonn sa tréimhse ina gcuirtear i gcrích tionscadail a fhaigheann fóirdheontais.

Is iad seo a leanas na príomhrioscaí:

• An baol nach mbainfear amach cuspóirí an chláir go hiomlán de bharr ghlacadh neamhleor nó cháilíocht chur chun feidhme na dtionscnamh nó na gconarthaí a roghnaíodh nó de bharr mhoilleanna chun iad a chur chun feidhme;

• An baol go n-úsáidfear ar dhóigh neamhéifeachtúil nó neamhthíosach cistí a dhámhfar, i gcás deontas (castacht na rialacha maoiniúcháin) agus i gcás soláthair araon (líon srianta d'oibreoirí eacnamaíocha ag a bhfuil an saineolas rud a fhágann nach féidir tairiscintí praghsanna a chur i gcomparáid in earnálacha áirithe);

• An riosca do chlú an Choimisiúin, má aimsítear calaois nó gníomhaíochtaí coiriúla; ní féidir ach dearbhú páirteach a fháil as córais rialaithe inmheánaigh na dtríú páirtithe i ngeall ar an líon measartha ard conraitheoirí agus tairbhithe ilchineálacha, agus iad ar fad ag feidhmiú a gcóras rialaithe féin.

Tá nósanna imeachta inmheánacha curtha ar bun ag an gCoimisiún arb é is aidhm dóibh na rioscaí thuasluaite a shainaithint. Tá na nósanna imeachta i lán-chomhréir leis an Rialachán Airgeadais agus tá bearta frith-chalaoise agus fachtóirí costais-tairbhe curtha san áireamh iontu. Laistigh den chreat sin, tá an Coimisiún ag leanúint de bheith ag fiosrú conas is féidir feabhas a chur ar bhainistíocht agus éifeachtúlacht a mhéadú. Is iad seo a leanas príomhghnéithe an chreata rialaithe:

**Rialuithe roimh chur chun feidhme na dtionscadal agus le linn a gcur chun feidhme:**

• Cuirfear córas bainistithe tionscadal iomchuí ar bun a dhíríonn ar rannchuidiú na dtionscadal agus na gconarthaí le cuspóirí beartais, lena n-áirithítear rannpháirtíocht chórasach na ngníomhaithe uile, lena gcuirtear ar bun tuairisciú rialta ar an mbainistiú tionscadal a chomhlánaítear le cuairteanna ar an láthair de réir an cháis, lena n-áirítear tuarascálacha riosca a chur faoi bhráid na hardbhainistíochta, chomh maith le solúbthacht bhuiséadach iomchuí a choimeád.

• Úsáidtear samhail-chomhaontuithe agus conarthaí seirbhíse a cheap an Coimisiún é féin. Déantar foráil leis na comhaontuithe agus leis na conarthaí sin maidir le forálacha rialaithe amhail deimhnithe iniúchóireachta, ráthaíochtaí airgeadais, iniúchtaí ar an láthair mar aon le hiniúchtaí a dhéanann OLAF. Tá na rialacha maidir le hincháilitheacht costas á simpliú, mar shampla, trí úsáid a bhaint as costais aonaid, cnapshuimeanna, ranníocaíochtaí nach mbaineann le costais agus féidearthachtaí eile a ghabhann leis an Rialachán Airgeadais. Dá thoradh sin tiocfaidh laghdú ar chostas rialuithe agus cuirfear an fócas ar sheiceálacha agus ar rialuithe i réimsí ardriosca.

• Glacann an fhoireann uile le cód um dea-iompraíocht riaracháin. An fhoireann atá bainteach leis an nós imeachta roghnúcháin nó le bainistiú na gcomhaontuithe/na gconarthaí deontais, síníonn siad siúd dearbhú freisin nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann. Cuirtear oiliúint ar an bhfoireann go rialta agus úsáideann siad líonraí chun dea-chleachtais a mhalartú.

Déantar cur chun feidhme teicniúil tionscadail a sheiceáil go tráthrialta ag an deasc ar bhonn tuarascálacha ar dhul chun cinn teicniúil na gconraitheoirí agus na dtairbhithe; chomh maith leis sin, is ar bhonn cás ar chás a shocraítear cruinnithe agus cuairteanna ar an láthair na gconraitheoirí/'na dtairbhithe'.

**Rialuithe i ndeireadh an tionscadail:** Déantar iniúchtaí *ex post* ar an láthair ar shampla d'idirbhearta chun incháilitheacht éileamh costas a fhíorú. Is é is aidhm do na rialuithe sin earráidí ábhartha a bhaineann le dlíthiúlacht agus rialtacht idirbheart airgeadais a chosc, a bhrath agus a cheartú. D'fhonn ardtionchar rialaithe a bhaint amach, tá sé beartaithe go mbeidh idir roghnú riosca-bhunaithe agus sampláil randamach i roghnú na dtairbhithe a bhfuil iniúchadh le déanamh orthu, agus go dtabharfar aird ar ghnéithe oibriúcháin nuair is féidir é le linn iniúchta ar an láthair.

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas "costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú") agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Is thart ar 4 go 7 % den bhuiséad bliantúil do chaiteachas oibríochtúil atá sa chostas bliantúil leibhéal molta na rialuithe faoin tríú clár Sláinte 2014-2020. Tá údar leis sin i ngeall ar éagsúlacht idirbheart atá le rialú. Go deimhin, i réimsí na sláinte, is éard atá i gceist le bainistíocht dhíreach conarthaí agus deontais le haghaidh gníomhaíochtaí beaga go gníomhaíochtaí an-mhór a leithdháileadh, agus deontais oibriúcháin le heagraíochtaí neamhrialtais a íoc. An riosca a leanann na gníomhaíochtaí sin, baineann sé (go háirithe) le cumas eagraíochtaí beaga a gcuid caiteachais a rialú go héifeachtach.

Measann an Coimisiún gur dócha go dtiocfaidh laghdú ar na meánchostais rialuithe ós rud é gur leathnaíodh raon feidhme agus gur méadaíodh buiséad chlár nua EU4Health.

Faoin tríú Clár Sláinte 2014-2020, le linn tréimhse 5 bliana, is é 1.8 % an ráta earráide a bhí ag iniúchtaí ar an láthair a rinneadh ar dheontais faoi bhainistíocht dhíreach agus i dtaca le conarthaí soláthair de is lú ná 1 % an ráta earráide le linn na tréimhse céanna. Meastar go bhfuil an leibhéal sin earráide inghlactha, mar go bhfuil sé faoi bhun an leibhéil ábharthachta mar tá 2 %.

Ní dhéanfaidh na hathruithe atá sé beartaithe a dhéanamh ar an gclár aon difear don dóigh a ndéantar bainistiú ar na leithreasuithe i láthair na huaire. Chruthaigh an córas rialaithe atá ann cheana go raibh sé in ann earráidí agus/nó neamhrialtachtaí a chosc agus/nó a bhrath, agus i gcás earráidí nó neamhrialtachtaí, iad a chur i gceart. Déanfar é a chur in oiriúint do na gníomhaíochtaí nua a chur san áireamh agus chun a áirithiú go bhfanfaidh an ráta earráidí iarmharacha (tar éis ceartúcháin) faoin tairseach 2 %.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Maidir lena chuid gníomhaíochtaí faoi bhainistíocht dhíreach, agus indíreach, déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a áirithiú, trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm in aghaidh calaoise, éillithe nó gníomhaíochtaí neamhdhleathacha ar bith eile, trí sheiceálacha éifeachtacha agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí na méideanna a íocadh go míchuí a aisíoc agus, más cuí, trí phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha. Chuige sin, ghlac an Coimisiún straitéis frithchalaoise, an nuashonrú is déanaí mí Aibreáin 2019 (COM(2019) 176), lena gcumhdaítear go háirithe na bearta coisctheacha, braiteacha ceartaitheacha seo a leanas:

Beidh ag an gCoimisiún nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúchóirí, an chumhacht chun iniúchtaí a dhéanamh, ar bhonn doiciméad agus ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí de chuid an Aontais. Údarófar do OLAF seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a mbaineann cistiú dá leithéid sin leo go díreach nó go hindíreach.

Ina cheann sin, cuirfidh an Coimisiún chun cinn sraith beart, e.g:

- cinntí, comhaontuithe agus conarthaí a thagann de chur chun feidhme an chláir, lena dtabharfar cead go sainráite don Choimisiún, OLAF san áireamh, agus don Chúirt Iniúchóirí iniúchtaí, seiceálacha agus cigireachtaí a dhéanamh ar an láthair agus méideanna a íocadh go míchuí a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur;

- agus meastóireacht á déanamh ar thograí nó ar thairiscintí, déanfar na hiarratasóirí nó na tairgeoirí a sheiceáil i gcomparáid leis na critéir eisiaimh foilsithe, critéir atá bunaithe ar dhearbhuithe agus ar an gCóras Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES);

déanfar na rialacha maidir le hincháilitheacht costas a shimpliú i gcomhréir le forálacha an Rialacháin Airgeadais;

- tabharfar oiliúint rialta maidir le saincheisteanna a bhaineann le calaois agus neamhrialtachtaí don fhoireann go léir atá bainteach le bainistíocht conarthaí agus d’iniúchóirí agus do rialaitheoirí a fhíoraíonn dearbhuithe na dtairbhithe ar an láthair.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Ceannteideal 5:** Athléimneacht, Slándáil agus Cosaint | LD/LN. | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 2 | Línte nua buiséid: 14 01 xx Clár EU4Health– Caiteachas tacaíochta | amhdhif. | Is ea | Is ea | Is ea | Níl |
| 2 | Línte nua buiséid: 14 04 01 Clár EU4Health | ›ifreáilte | Is ea | Is ea | Is ea | Níl |

## 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra ar chaiteachas

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **5** | Athléimneacht, Slándáil agus Cosaint |

| Ard-Stiúrthóireacht: SANTE | | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| •Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | | |
| 14 04 01 – nósanna imeachta buiséadacha bliantúla | Gealltanais | (1) | 20 163 | 30 849 | 52 444 | 85 588 | 491 064 | 578 800 | 590 376 | | **1 849 284** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 4,056 | 12,928 | 24,360 | 42,368 | 140,831 | 303,186 | 411,044 | 910,511 | **1 849,284** |
| •Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[31] | | | | | | | | | | | |
| 14 01 xx - tacaíocht | Gealltanais = Íocaíochtaí | (3) | 1,061 | 1,624 | 2,760 | 4,505 | 25,845 | 30,463 | 31,072 | | **97,330** |
| **IOMLÁN leithreasuithe ó nósanna imeachta buiséadacha d'imchlúdach an chláir** | Gealltanais | =1+1 a +3 | 21 224 | 32,473 | 55,204 | 90,093 | 516,909 | 609,263 | 621,448 | | **1 946,614** |
| | Íocaíochtaí | =2+2 a +3 | 5,117 | 14,552 | 27,120 | 46,873 | 166,676 | 333,649 | 442,116 | 910,511 | **1 946,614** |

31 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach. Áirítear leis an méid sinn an ranníocaíocht fhéideartha ar ghníomhaireacht feidhmiúcháin.

Is féidir go ndéanfar an Clár (nó cuid de) a tharmligean chuig gníomhaireacht feidhmiúcháin, faoi réir an toraidh a bheidh ar anailís costas-tairbhe. Ina dhiaidh sin, déanfar na leithreasuithe riaracháin lena mbaineann maidir le cur chun feidhme an Chláir ag an gCoimisiún agus ag na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin a oiriúnú dá réir.

Sa bhreis ar an imchlúdach airgeadais a sainítear in Airteagal 5 den 'Rialachán Chlár EU4Health' atá beartaithe, EUR 8 451 000 000 (i bpraghsanna reatha) a bheidh ar fáil mar ioncam sannta seachtrach, de réir bhrí Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais a eascraíonn ó na hoibríochtaí de chuid an Aontais trína bhfaightear iasacht mar a leagtar amach i Rialachán (AE) XXX/XX (EURI rialachán).

As seo, féadfar suas le EUR 433 560 000 a thiomnú do chaiteachas riaracháin, lena n-áirítear costais foirne seachtracha.

I gcomhréir le forálacha Rialachán EURI, is faoin 31 Nollaig 2024 a chuirfear i bhfeidhm na gealltanais dlíthiúla a chumhdaítear leis an ioncam sannta seachtrach a eascraíonn as iasachtaíocht.

Is é seo a leanas an miondealú táscach ar an gcaiteachas le haghaidh ioncam sannta seachtrach (i bpraghsanna reatha):

| Clár EU4Health | | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 14 04 01 – ioncam sannta seachtrach | Gealltanais | (1) | 1 108,630 | 2 467,470 | 2 622,280 | 1 819,060 | 0 | 0 | 0 | 0 | **8 017,440** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 138,205 | 712,667 | 1 440,778 | 1 794,434 | 1 524,367 | 838,302 | 475,867 | 1 092,820 | **8 017,440** |
| 14 01 xx – líne thacaíochta ioncam sannta seachtrach | Gealltanais = Íocaíochtaí | (3) | 58,370 | 59,530 | 60,720 | 61,940 | 63,000 | 64,000 | 66,000 | | **433,560** |
| Ioncam sannta seachtrach iomlán | Gealltanais | =1+3 | **1 167,000** | **2 527,000** | **2 683,000** | **1 881,000** | **63,000** | **64,000** | **66,000** | | **8 451,000** |
| | Íocaíochtaí | =2+3 | **196,575** | **772,197** | **1 501,498** | **1 856,374** | **1 587,367** | **902,302** | **541,867** | **1 092,820** | **8 451,000** |

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 7 | "Caiteachas riaracháin" |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **DG SANTE** | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | 1,500 | 1,500 | 1,500 | 1,500 | 1,500 | 1,500 | 1,500 | **10,500** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDEAL 7 – DG SANTE** | Leithreasuithe | **1,500** | **1,500** | **1,500** | **1,500** | **1,500** | **1,500** | **1,500** | **10,500** |

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | **1,500** | **1,500** | **1,500** | **1,500** | **1,500** | **1,500** | **1,500** | **10,500** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | ***Tar éis 2027*** | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL** den chreat airgeadais ilbhliantúil **– ó** | Gealltanais | 22,724 | 33,973 | 56,704 | 91,593 | 518,409 | 610,763 | 622,948 | 0 | **1 957,114** |
| | Íocaíochtaí | 6,617 | 16,052 | 28,620 | 48,373 | 168,176 | 335,149 | 443,616 | 910,511 | **1 957,114** |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **nósanna imeachta buiséadacha** | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

3.2.2.1. Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | **1,500** | **1,500** | **1,500** | **1,500** | **1,500** | **1,500** | **1,500** | **10,500** |
| Caiteachas riaracháin eile (misin, cruinnithe) | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | **1,500** | **1,500** | **1,500** | **1,500** | **1,500** | **1,500** | **1,500** | **10,500** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7[32] of the multiannual financial framework** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna[33] | 4,000 | 4,000 | 4,000 | 4,000 | 4,000 | 4,000 | 4,000 | **28,000** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 1,061 | 1,624 | 2,760 | 4,505 | 25,845 | 30,463 | 31,072 | **97,330** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 5,061 | 5,624 | 7,760 | 8,505 | 29,845 | 34,463 | 35,072 | **125,330** |
| **IOMLÁN** | **6,561** | **7,124** | **8,260** | **10,005** | **31,345** | **35,963** | **36,572** | **135,830** |

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d’fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

32 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

33 Ioncam sannta.

Séanadh: Is éard atá ann sin na hacmhainní a mheastar le haghaidh DG SANTE chun Clár EU4Health a chur chun feidhme. Ní chumhdaítear leis na hacmhainní is gá le haghaidh aon tarmligean gníomhaíochtaí chuig na gníomhaireachtaí díláraithe faoi shainchúram DG SANTE (EMA, ECDC, EFSA, ECHA).

### 3.2.2.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| – | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin | | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 |
| Toscaireachtaí | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Taighde | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)[34]** | | | | | | | | |
| Arna maoiniú as CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | - sa cheanncheathrú | – neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach |
| | - i dtoscaireachtaí | – neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach |
| Arna maoiniú as imchlúdach an chláir [35] | - sa cheanncheathrú | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach |
| | - i dtoscaireachtaí | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach |
| Taighde | | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach. | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach. | neamhbhainteach |
| Eile (ioncam sannta) | | 50 | 50 | 50 | 50 | 50 | 50 | 50 |
| **IOMLÁN** | | **60** | **60** | **60** | **60** | **60** | **60** | **60** |

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Séanadh: Is éard atá ann sin na hacmhainní a mheastar le haghaidh DG SANTE chun Clár EU4Health a chur chun feidhme. Ní chumhdaítear leis na hacmhainní is gá le haghaidh aon tarmligean gníomhaíochtaí chuig na gníomhaireachtaí díláraithe faoi shainchúram DG SANTE (EMA, ECDC, EFSA, ECHA).

34 AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

35 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Forbairt beartais agus straitéis, bainistiú agus rialachas clár, airgeadas, dlí, soláthar, iniúchóireacht nó comhordú |
| Pearsanra seachtrach | Cúraimí tacaíochta riaracháin agus airgeadais |

*3.2.3. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– ☐Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

– ☑Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| LEE/CSTE | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin |
| Tíortha is iarrthóirí | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin |
| Tríú tíortha, lena n-áirítear tíortha comharsanacha | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin |

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☑ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam ilghnéitheach

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imreofar tionchar orthu.

| |
|---|
| |

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

| |
|---|
| |